AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 9.11.2011
COIM(2011) 707 leagan deireanach

2011/0340 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le clár tomhaltóirí 2014-2020**

{SEC(2011) 1320 leagan deireanach}
{SEC(2011) 1321 leagan deireanach}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

I Straitéis Eoraip 2020 iarrtar go ndéantar "saoránaigh a chumhachtú chun ról iomlán a bheith acu sa mhargadh aonair", rud a éilíonn go "neartófar a gcumas chun earraí agus seirbhísí a cheannach trasteorann agus a muinín ann".

Is léir anois níos mó ná riamh, ag tráth a dteastaíonn foinsí nua fáis san Eoraip, gur réimse é beartas tomhaltóirí lenar féidir rannchuidiú chun cuspóirí Eoraip 2020 a bhaint amach. Tá 500 milliún tomhaltóir san Eoraip agus baineann 56% de OTI an AE le caiteachas tomhaltóirí. Dá mhéad is féidir le tomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh, is ea is mó an tionchar a bheidh acu ar neartú an Mhargaidh Aonair agus ar fhás a spreagadh. Ar an gcaoi sin, is féidir le tomhaltóirí cumhachtaithe, a bhfuil cosaint mhaith acu agus ar féidir leo tairbhe a bhaint as an Margadh Aonair, is féidir leo nuálaíocht agus fás a spreagadh trí luach, caighdeán agus seirbhís a éileamh. Is iad na gnóthais a fhreagraíonn don éileamh sin na gnóthais is fearr a bheidh in ann déileáil le brúnna an mhargaidh dhomhanda.

Ní bhaineann cumhachtú le cearta tomhaltóirí amháin ach le timpeallacht fhoriomlán a chruthú lena gcuirtear ar chumas tomhaltóirí na cearta sin a úsáid agus tairbhe a bhaint astu. Is éard atá i gceist leis creat a fhorbairt inar féidir le tomhaltóirí dul i muinín an bhunbhoinn go bhfuil an tsábháilteacht dearbhaithe agus go bhfuil uirlisí ann chun teipeanna i gcaighdeáin agus i gcleachtais a bhrath agus chun dul i ngleic leo go héifeachtach ar fud na hEorpa. Is éard atá i gceist leis timpeallacht a fhorbairt inar féidir le tomhaltóirí, trí bhíthin oideachais, faisnéise agus feasachta, tabhairt faoin Margadh Aonair chun tairbhe a bhaint as na tairiscintí is fearr maidir le táirgí agus le seirbhísí. Ar deiridh éilítear, chun críche cumhachtaithe, gur féidir le tomhaltóirí a gcearta AE a chleachtadh go muiníneach ar fud na hEorpa agus, nuair a théann rud éigin amú, gur féidir leo brath ar fhorghníomhú éifeachtach na gcearta sin agus ar rochtain éasca ar shásamh éifeachtúil araon.

Leis an Teachtaireacht 'A Budget for Europe 2020' (Buiséad don Eoraip 2020)[1] 29 Meitheamh 2011 bhí EUR 175 milliún (i bpraghsanna tairiseacha 2011) leithdháilte don Chlár Tomhaltóirí don tréimhse 2014-2020.

Sa chomhthéacs sin, tá sé mar aidhm leis an togra seo Clár Tomhaltóirí a bhunú don tréimhse 2014-2020, mar chomharba ar an gClár Gníomhaíochta Comhphobail 2007-2013 sa réimse beartais tomhaltóirí.

Leis an gClár Tomhaltóirí nua cothófar cuspóir ginearálta an bheartais tomhaltóirí amach anseo an tomhaltóir cumhachtaithe a chur ag croílár an Mhargaidh Aonair. Cothaítear beartas náisiúnta agus déantar é a chomhlánú le beartas tomhaltóirí Eorpach trí iarracht a dhéanamh a áirithiú gur féidir le saoránaigh AE tairbhe iomlán a bhaint as an Margadh Aonair agus lena linn sin go ndéantar a leasanna sábháilteachta agus eacnamaíocha a chosaint go cuí.

---

[1] COIM(2011)500

Le giaráil chumhacht eacnamaíoch ollmhór an chaiteachais tomhaltóirí (arb é 56% de OTI an AE é) déanfar rannchuidiú tábhachtach chun cuspóir an AE a bhaint amach eadhon fás a athadhaint.

- **Comhthéacs ginearálta**

Na príomhfhadhbanna a dtabharfar aghaidh orthu trí bhíthin gníomhaíochtaí a mhaoiniú faoin gClár nua, déantar iad a ghrúpáil sna ceithre chatagóir a leanas:

i) Sábháilteacht: difríochtaí idir Ballstáit maidir le reachtaíocht i dtaca le sábháilteacht táirgí a fhorfheidhmiú, táirgí fabhtacha a bheith sa Mhargadh Aonair; rioscaí a bhaineann le domhandú an tslabhra táirgeachta; sábháilteacht seirbhísí; easpa struchtúir chomhordaithe leormhaith ar leibhéal an AE chun an luach is fearr a bhaint as cómhaoiniú AE.

ii) Faisnéis agus oideachas: easpa sonraí stóinsithe agus sonraí ar ardchaighdeán agus easpa anailíse ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair do thomhaltóirí; cumas neamhleor na n-eagraíochtaí tomhaltóirí, lena n-áirítear easpa acmhainní agus saineolais, go háirithe sna Ballstáit nua; easpa faisnéise trédhearcaí, inchomparáide, iontaofa agus cairdiúla do thomhaltóirí, go háirithe i gcásanna trasteorann; eolas lag agus tuiscint lag ag tomhaltóirí agus ag miondíoltóirí araon ar phríomhchearta tomhaltóirí agus ar bhearta cosanta; uireasa na n-uirlisí AE reatha um oideachas tomhaltóirí, go háirithe maidir le forbairtí sa timpeallacht dhigiteach.

iii) Cearta agus sásamh: cosaint ar chearta tomhaltóirí nach bhfuil sách maith, go háirithe i gcásanna trasteorann; an gá le comhtháthú leasanna tomhaltóirí i mbeartais AE a fheabhsú a thuilleadh; na fadhbanna os comhair tomhaltóirí agus iad ag iarraidh sásamh a fháil, go háirithe trasteorann.

iv) Forfheidhmiú: Gan lánacmhainn a bhaint as Líonra CPC (líonra údarás forfheidhmiúcháin náisiúnta); feasacht lag maidir le ECC-Net (líonra Eorpach na Lárionad Tomhaltóirí) i measc tomhaltóirí agus an gá lena éifeacht a neartú.

Ag an am céanna, leis an gClár nua, lena cheithre thosaíocht maidir le Sábháilteacht, Faisnéis agus oideachas, Cearta agus sásamh, agus Forfheidhmiú (SIRE), is gá dúshláin shochaíocha nua a chur san áireamh a bhfuil tábhacht mhéadaithe ag baint leo le blianta beaga anuas. Áirítear leo: castacht mhéadaithe cinnteoireachta tomhaltóirí, an gá le dul i dtreo patrúin níos inbhuanaithe tomhaltais, na deiseanna agus na bagairtí a bhaineann le digitiú, méadú in eisiamh sóisialta agus líon na dtomhaltóirí leochaileacha agus daonra atá ag dul in aois.

- **Fócas na ngníomhaíochtaí faoin gClár Tomhaltóirí**

Cé gur fadhbanna fadréimseacha iad na fadhbanna a gcaithfear dul i ngleic leo le beartas tomhaltóirí, ciallaíonn méid measartha beag an Chláir Tomhaltóirí gur gá gníomhaíochtaí atá le maoiniú faoi a dhíriú ar réimsí inar féidir difríocht a dhéanamh agus luach a chur leis le hidirghabháil ar leibhéal an AE. Tá trí chineál réimse i gceist leis na réimsí atá roghnaithe le haghaidh gníomhaíochtaí:

i) Gníomhaíochtaí a chomhfhreagraíonn d'oibleagáidí dlíthiúla a fhorchuirtear ar an AE agus ar Bhallstáit leis an gConradh agus an acquis AE reatha sa réimse maidir le cosaint tomhaltóirí

– Cothabháil agus feidhmiú ceart an Líonra RAPEX,[2] Líonra CPC na n-údarás forfheidhmiúcháin agus bunachair shonraí cosmaidí a mhaoiniú.

ii) Gníomhaíochtaí nach ngabhtar ar láimh nó nach féidir a ghabháil ar láimh ar an leibhéal náisiúnta toisc a gcarachtair ar leibhéal AE:

– Cabhrú le tomhaltóirí maidir le saincheisteanna trasteorann trí bhíthin:

  - feidhmiú Líonra Eorpach na Lárionad Tomhaltóirí (ECCanna) a chómhaoiniú. De ghnáth ní bhíonn údaráis náisiúnta ná eagraíochtaí tomhaltóirí in ann comhairle agus tacaíocht a sholáthar do thomhaltóirí maidir le saincheisteanna trasteorann;

  - tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt córais ar fud an Aontais chun díospóidí a réiteach ar líne, córas lena ndéileáiltear freisin le cásanna trasteorann;

– Comhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta a fhorbairt d'fhonn déileáil le tionchar dhomhandú an tslabhra táirgeachta ar shábháilteacht táirgí;

– Táirgeadh sonraí a chothú maidir le margaí tomhaltóirí inchomparáide ar leibhéal an AE le haghaidh tagarmharcála idir Ballstáit agus le haghaidh ionchur i mbeartas ar leibhéal an AE;

– Ionadaíocht leasanna tomhaltóirí ar leibhéal an AE a áirithiú trí bhíthin tacaíochta airgeadais a thabhairt d'eagraíochtaí tomhaltóirí ar leibhéal an AE.

iii) Gníomhaíochtaí lena gcomhlánaítear agus lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht bearta arna ngabháil ar láimh ar leibhéal náisiúnta:

– Gníomhaíochtaí comhpháirteacha a chomhordú agus a chómhaoiniú i réimse na sábháilteachta táirgí agus i réimse cearta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú;

– Feachtais múscailte feasachta a chothú maidir le saincheisteanna tomhaltais leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara eile agus oibriú le hidirghabhálaithe le rannchuidiú chun faisnéis shoiléir, thrédhearcach agus iontaofa a sholáthar do thomhaltóirí;

– Oiliúint na n-eagraíochtaí náisiúnta tomhaltóirí a chothú, a bheadh i bhfad níos costasaí ar leibhéal náisiúnta gan bharainneacht scála;

– Ardán a sholáthar chun dea-chleachtais i réimse an oideachais tomhaltóirí a mhalartú agus a chomhroinnt.

- **Cuspóirí an togra**

[2] RAPEX: Córas mear-rabhaidh an AE le haghaidh táirgí contúirteacha tomhaltais uile (cé is moite de bhia, beatha, cógais agus feistí leighis)

Is é is aidhm don Chlár Tomhaltóirí an cuspóir beartais a chothú maidir leis an tomhaltóir cumhachtaithe a chur ag croílár an Mhargaidh Aonair. Déanfar amhlaidh leis an gClár trí bhíthin rannchuidiú le sláinte, sábháilteacht agus leasanna eacnamaíocha tomhaltóirí a chosaint, mar aon lena gceart chun faisnéise agus oideachais a chur chun cinn agus chun iad féin a eagrú ar mhaithe lena leasanna a choimirciú. Déanfar beartais na mBallstát a chomhlánú, a chothú agus déanfar faireachán orthu leis an gClár.

Déanfar na ceithre chuspóir shonracha a leanas a chothú leis na gníomhaíochtaí:

i) Sábháilteacht: Sábháilteacht táirgí a chomhdhlúthú agus a fheabhsú trí bhíthin faireacháin éifeachtaigh ar an margadh ar fud an AE;

ii) Faisnéis agus oideachas: feabhas a chur ar oideachas, ar fhaisnéis agus ar fheasacht tomhaltóirí maidir lena gcearta, chun an bonn fianaise le haghaidh beartas tomhaltóirí a fhorbairt agus tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí tomhaltóirí.

iii) Cearta agus sásamh: cearta tomhaltóirí a chomhdhlúthú, go háirithe trí ghníomh rialála agus rochtain ar shásamh a fheabhsú lena n-áirítear malairt modhanna chun díospóidí a réiteach.

iv) Forfheidhmiú: forfheidhmiú cearta tomhaltóirí a chothú trí chomhar idir comhlachtaí forfheidhmiúcháin náisiúnta a neartú agus trí thomhaltóirí a chothú le comhairle.

Tá na cuspóirí sin i gcomhréir go hiomlán le Eoraip 2020 maidir le fás agus iomaíochas. Déanfar comhdhlúthú leo ar ábhar imní sonrach Eoraip 2020 maidir le *clár oibre digiteach* (a áirithiú go mbíonn leas méadaithe tomhaltóirí ina thoradh ar dhigitiú), *fás inbhuanaithe* (ag bogadh i dtreo patrúin níos inbhuanaithe tomhaltais), *cuimsiú sóisialta* (cás sonrach tomhaltóirí leochaileacha a chur san áireamh agus riachtanais daonra atá ag dul in aois), *rialachán cliste* (faireachán a dhéanamh ar mhargadh tomhaltóirí chun cabhrú le rialacháin chliste agus dhírithe a dhearadh).

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara**

Rinneadh meastóireacht mheántéarma ar an mbunús dlí reatha, an Clár Gníomhaíochta Comhphobail i réimse an bheartais tomhaltóirí (2007-2013) idir Bealtaine 2010 agus Feabhra 2011[3]. Sa chomhthéacs sin, chuathas i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara (údarás náisiúnta na mBallstát a bhfuil baint acu le beartais tomhaltóirí, eagraíochtaí tomhaltóirí AE agus náisiúnta agus gnóthais) maidir leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoin gClár reatha.

Leis an meastóireacht, díríodh aird ar bhreisluach an Chláir, in ainneoin gur réimse measartha nua é beartas tomhaltóirí Eorpach agus go bhfuil leibhéal mhaoiniú an AE faoin gClár measartha íseal. Leagadh béim léi go rannchuidítear le cuspóirí Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach le gníomhaíochtaí faoin Straitéis agus faoi na Cláir.

---

3 go comhpháirteach le meastóireacht ex-post an Chláir roimhe agus le meastóireacht mheántéarma na Straitéise um Beartas Tomhaltóirí 2007-2013.

Go háirithe, torthaí uiledheimhneacha a bhí ann maidir le hábharthacht chuspóirí an Chláir, a iarmhairtí agus a bhreisluach. Baineadh de thátal as an meastóireacht freisin go mbeidh iarmhairtí fadtéarmacha ag an gClár ar chosaint tomhaltóirí. Dhearbhaigh údaráis náisiúnta tríd is tríd go raibh an Straitéis agus an Clár comhlántach le beartais náisiúnta tomhaltóirí. Mar sin féin, baineadh de thátal as an meastóireacht nár tugadh aghaidh ach go páirteach leis an Straitéis agus leis an gClár reatha ar dhúshláin shóisialta agus chomhshaoil atá ag teacht chun cinn.

Ina theannta sin, tharla pléití ina dhiaidh sin le páirtithe leasmhara le linn ullmhúchán an Chláir Tomhaltóirí nua, go háirithe ag an gCruinniú Mullaigh Tomhaltóirí 2011 in Aibreán 2011 agus i gcomhthéacs líonraí tomhaltóirí: Líonra Beartais Thomhaltóirí na n-údarás náisiúnta (CPN), an Gréasán um Chomhar i gCosaint na dTomhaltóirí, líonra údarás forfheidhmiúcháin náisiúnta agus an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thomhaltóirí (ECCG) ina mbeidh eagraíochtaí tomhaltóirí Eorpacha agus náisiúnta.

Iarradh rannchuidiú freisin ó na trí phríomheagraíocht gnó chothrománacha (BusinessEurope, UEAPME agus EuroCommerce).

In ainneoin na ndifríochtaí i bhfócas, thacaigh an rannchuidiú ó na húdaráis náisiúnta agus ó na heagraíochtaí tomhaltóirí leis na saincheisteanna tosaíochta arna mbeartú ag AS Sanco a bhaineann leis an gClár. Go ginearálta, d'aontaigh eagraíochtaí gnó leis na tosaíochtaí arna mbeartú ag an gCoimisiún, ag leagan béime ar an gcothromaíocht cheart a bheith dearbhaithe idir cosaint tomhaltóirí agus iomaíochas.

Ina theannta sin, le blianta beaga anuas d'fhoilsigh Parlaimint na hEorpa sraith tuarascálacha a bhaineann go díreach leis na gníomhaíochtaí a rinneadh faoin gClár[4].

- **Measúnú tionchair**

Rinne Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na dTomhaltóirí measúnú tionchair idir Feabhra agus Iúil 2011. Breithníodh ceithre rogha:

- Freagraíonn <u>Rogha 0</u> d'íosmhéid ar fad na ngníomhaíochtaí le bheith maoinithe mar thoradh ar na hoibleagáidí dlíthiúla a fhorchuirtear leis an gConradh agus an acquis AE reatha sa réimse maidir le cosaint tomhaltóirí.

- Freagraíonn <u>Rogha 1</u> don bhunchás tagartha. Faoin rogha sin, tugtar faoi bhunáite na ngníomhaíochtaí a rinneadh faoi Chlár 2007-2013 le roinnt oiriúnaithe. Laghdaítear roinnt gníomhaíochtaí go substaintiúil nó ní chuirtear chun feidhme iad a thuilleadh toisc nach bhfuil siad iomchuí a thuilleadh, agus seoltar roinnt gníomhaíochtaí nua a mbaineann leibhéal teoranta uaillmhéine leo (mar shampla maidir le sásamh). Freagraíonn sé do bhuiséad atá cothrom leis an gceann atá curtha ar fáil faoin gClár reatha nó níos ísle ná é.

- Freagraíonn <u>Rogha 2</u> do chur chuige níos uaillmhianaí i gcomhréir le tosaíochtaí an Choimisiúin (Eoraip 2020, an Gníomh um an Margadh Aonair) agus an machnamh leanúnach

[4] Tuarascálacha Grech, Hedh agus Arias, in 2010, tuarascálacha Schaldemose agus Kalniete in 2011. Tuarascáil Svensson/Triantaphyllides faoi réir a cur i gcrích.

ar thodhchaí an bheartais tomhaltóirí[5]. Baineann buiséad thart ar EUR 25 milliún go bliantúil leis an rogha sin.

- Bheadh buiséad méadaithe riachtanach faoi Rogha 3 i gcomparáid leis an gClár reatha maidir le roinnt gníomhaíochtaí breise amhail: bunachar sonraí poiblí um shábháilteacht táirgí tomhaltais; sásamh; ciste a chur ar bun chun maoiniú gníomhaíochtaí sásaimh trasteorann a chothú.

Baineadh de thátal as an measúnú tionchair gurb é Rogha 2 an rogha is fearr ó thaobh costais/sochair. Bheadh thart ar 25 milliún euro go bliantúil i gceist faoin rogha sin rud a bheadh i gcomhréir leis an leithdháileadh buiséid arna bheartú don chlár tomhaltóirí sa Teachtaireacht 'A Budget for Europe 2020' (Buiséad don Eoraip 2020) de Mheitheamh 2011.

- **An próiseas maoinithe a shimpliú**

Déanfar an próiseas maoinithe a shimpliú go háirithe trí bhíthin comhaontuithe comhpháirtíochta a úsáid agus leis an tacaíocht a thabharfar do chomhlacht comhordaithe ar leibhéal an AE le haghaidh faireachán ar an margadh a bhaineann le sábháilteacht[6].

An fhéidearthacht cnapshuimeanna a úsáid nuair is féidir, déanfar é a scrúdú chun an t-ualach riaracháin a laghdú.

Dá gcinnfeadh an Coimisiún úsáid a bhaint as an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Shláinte agus Thomhaltóirí do chur chun feidhme an Chláir Tomhaltóirí, rannchuideodh an méid sin freisin le simpliú na nósanna imeachta sa phróiseas maoinithe.

- **Breisluach na ngníomhaíochtaí**

Leis an gClár cothófar cuspóirí ginearálta an bheartais tomhaltóirí amach anseo ina gcuirfear tomhaltóirí cumhachtaithe ag croílár an Mhargaidh Aonair. Déantar achoimre thíos ar bhreisluach na ngníomhaíochtaí faoi na ceithre chuspóir shonracha.

i) Sábháilteacht

I réimse na sábháilteachta, bíonn torthaí níos fearr ar ghníomhaíochtaí ar leibhéal an AE agus ar chomhordú trí bhíthin na Treorach maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí i gcomparáid le sraith gníomhaíochtaí aonair ag Ballstáit toisc go líontar bearnaí faisnéise, lena n-áirítear úsáid a bhaint as faisnéis a bhailíonn tíortha eile agus go seachnaítear éagothromaíochtaí sa Mhargadh Aonair.

ii) Faisnéis agus oideachas

Le faireachán ar an margadh tomhaltóirí cuidítear chun laigí i margaí náisiúnta agus chun bacainní in aghaidh an Mhargaidh Aonair a aithint arbh fhéidir iad a bhaint le hathchóiriú lena gcuirfí feabhas ar nuálaíocht agus ar iomaíocht. Go ginearálta, ceaptar na sonraí ionas go

---

5 a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm Clár Oibre um Thomhaltóirí le bheith foilsithe in 2012.

6 ba cheart an comhlacht ar leibhéal an AE a bhunú i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí (GPSD) d'fhonn a áirithiú go ndéantar simpliú ar na nósanna imeachta maoinithe, agus go ndéantar pleanáil, comhordú agus comhroinnt faisnéise níos fearr idir údaráis na mBallstát. Ní bheidh sé i bhfoirm gníomhaireachta.

mbeidh siad stóinsithe agus ionadaíoch a ndóthain lena n-úsáid ní amháin ar leibhéal an AE ach ar an leibhéal náisiúnta freisin, agus ar an dóigh sin éifeachtúlacht mhéadaithe a sholáthar ar scála AE trí thagarmharcáil na mBallstát a chumasú.

Má chothaítear ionadú láidir agus comhtháite ón ngluaiseacht tomhaltóirí ar leibhéal an AE, rannchuidítear leis sin le hionchur comhdhlúite tomhaltóirí i gceapadh beartais AE, in institiúidí AE agus in agallaimh ar leibhéal an AE. Áirithítear leis freisin cumhachtú díreach eagraíochtaí fíorlaga sna Ballstáit nua agus tacaíocht dóibh. Cothaítear forbairt líonraí trasnáisiúnta idir rannpháirtithe trí bhíthin gníomhaíochtaí forbartha acmhainní le haghaidh eagraíochtaí náisiúnta tomhaltóirí, lena n-áirítear meantóireacht agus athbhreithniú piaraí.

Méadaítear eolas tomhaltóirí agus a muinín i leith idirbhearta trasteorann le faisnéis tomhaltóirí agus tionscnaimh oideachais an AE, ar an gcaoi sin cothaítear cur i gcrích an Mhargaidh Aonair. Éascaítear leo comhroinnt dea-chleachtais idir Ballstáit agus rannchuideofar leo cruthú foinse comhtháite agus údarásaí faisnéise/oideachais ar leibhéal an AE.

iii) <u>Cearta agus sásamh</u>

Soláthrófar bealach saor, sciobtha agus éasca chun sásamh a fháil ar fud an AE le Malairt Modhanna chun Díospóidí a Réiteach (ADR), a áiritheoidh machaire réidh. Is príomhghníomhaíocht é ADR sa Ghníomh um an Margadh Aonair. Beidh cur chuige comhordaithe mar thoradh ar fhorbairt córais ar fud an Aontais chun díospóidí a réiteach ar líne, lena gcruthófar barainneachtaí scála agus sineirgí.

iv) <u>Forfheidhmiú</u>

De ghnáth ní bhíonn údaráis náisiúnta ná eagraíochtaí tomhaltóirí in ann comhairle agus tacaíocht a sholáthar do thomhaltóirí maidir le saincheisteanna trasteorann agus rannchuidíonn líonra Eorpach na Lárionad Tomhaltóirí le cur i gcrích an Mhargaidh Aonair trí bhíthin na comhairle agus na tacaíochta sin a chur ar fáil. Is bealach an-éifeachtúil chun dul i ngleic le saincheisteanna lena mbaineann éirim trasteorann AE é comhghníomhaíochtaí forfheidhmithe comhordaithe leis an nGréasán um Chomhar i gCosaint na dTomhaltóirí, líonra údarás forfheidhmiúcháin náisiúnta, amhail na 'scuaibíní'.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 169 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ba cheart cur chun cinn leasanna tomhaltóirí agus ardleibhéal cosanta tomhaltóirí a bheith mar chuspóir ag bearta arna nglacadh faoi Airteagal 169 CFAE. Gealltar leis an togra seo gníomhaíochtaí an AE agus na mBallstát a chothú le hairgead, na gníomhaíochtaí sin is aidhm leo sábháilteacht tomhaltóirí a chosaint, rochtain tomhaltóirí ar fhaisnéis a fheabhsú agus neartú breise a dhéanamh ar a gcearta. Tá údar le hAirteagal 169 CFAE a roghnú mar bhunús dlí ar an gcaoi sin ó thaobh chuspóir agus ábhar an togra araon. Déanfar an togra seo a ghlacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

EUR 197 milliún i bpraghsanna reatha a bheidh sna leithreasuithe airgeadais chun an Clár a chur chun feidhme thar an tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020. Freagraíonn sé sin don leithdháileadh buiséid arna bheartú don chlár tomhaltóirí sa Teachtaireacht 'A Budget for Europe 2020' (Buiséad don Eoraip 2020) de Mheitheamh 2011.

2011/0340 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le clár tomhaltóirí 2014-2020**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 169 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[7],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[8],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Europe 2020 – A strategy for smart, sustainable and inclusive growth (Straitéis Eoraip 2020 – Straitéis maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach)'[9] iarrtar go ndéantar saoránaigh a chumhachtú chun páirt iomlán a bheith acu sa mhargadh aonair, rud a éilíonn go neartófar a gcumas chun earraí agus seirbhísí a cheannach trasteorann, go háirithe ar líne, agus a muinín ann.

(2) Ba cheart don Aontas rannchuidiú chun tomhaltóirí a chur i gcroílár an mhargaidh inmheánaigh trí bhíthin beartas na mBallstát a chothú agus a chomhlánú lena ndéantar iarracht a áirithiú gur féidir le saoránaigh tairbhe iomlán a bhaint as an margadh inmheánach agus lena linn sin go ndéantar a leasanna sábháilteachta agus eacnamaíocha a chosaint go cuí trí bhíthin gníomhaíochtaí tairbhiúla.

(3) Cuirtear san áireamh leis an Rialachán seo an timpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus theicniúil agus na dúshláin choimhdheachtacha atá ag teacht chun cinn. Go sonrach, leis na gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin gclár seo, déanfar iarracht aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá nasctha le domhandú, le digitiú, leis an ngá dul i dtreo patrúin níos inbhuanaithe tomhaltais, daonra atá ag dul in aois agus eisiamh sóisialta agus an cheist maidir le tomhaltóirí leochaileacha. Ba cheart ardtosaíocht a thabhairt do leasanna tomhaltóirí a chomhtháthú i mbeartais uile an Aontais, i

[7] IO C, , lch. .
[8] IO C, , lch. .
[9] COIM(2010) 2020 leagan deireanach an 3 Márta 2010

gcomhréir le hAirteagal 12 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Is príomhchuid é comhordú le beartais agus le cláir eile an Aontais chun a áirithiú go n-áirítear leasanna tomhaltóirí go hiomlán i mbeartais eile. D'fhonn sineirgí a chur chun cinn agus d'fhonn dúbailt a sheachaint, ba cheart foráil a dhéanamh le cistí agus cláir eile an Aontais maidir le tacaíocht airgeadais do chomhtháthú leasanna tomhaltóirí ina réimsí faoi seach.

(4) Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a leagan síos i gclár tomhaltóirí don tréimhse 2014 – 2020 (anseo feasta 'an Clár') lena soláthrófar creat chun gníomhaíochtaí an Aontais a mhaoiniú. De réir Airteagal 49 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme i leith buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach[10], soláthraítear leis an Rialachán seo an bunús dlí le haghaidh na gníomhaíochta agus le haghaidh cur chun feidhme an Chláir Tomhaltóirí. Leis an Rialachán seo cuirtear leis na gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin gCinneadh Uimh. 1926/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 lena mbunaítear clár um ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais tomhaltóirí (2007-2013) agus leantar leo[11].

(5) Tá sé tábhachtach cosaint tomhaltóirí a fheabhsú. D'fhonn an cuspóir ginearálta sin a bhaint amach, ba cheart cuspóirí sonracha a leagan síos maidir le sábháilteacht, le faisnéis agus le hoideachas, cearta agus sásamh tomhaltóirí mar aon le forfheidhmiú i ndáil le cearta tomhaltóirí. Ba cheart faireachán agus meastóireacht a dhéanamh go rialta ar luach agus ar thionchar na mbeart arna ndéanamh faoin gClár. Chun críocha beartas tomhaltóirí a mheas ba cheart táscairí beartais a fhorbairt.

(6) Is gá foráil a dhéanamh maidir leis na gníomhaíochtaí incháilithe trína mbainfear na cuspóirí sin amach.

(7) Is gá na catagóirí de thairbhithe féideartha atá incháilithe le haghaidh deontas a shainiú.

(8) Ba cheart don Chlár seo a bheith ann ar feadh seacht mbliana d'fhonn a fhad tréimhse a ailíniú le fad tréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil atá leagtha síos in Airteagal 1 den Rialachán ón gComhairle ina leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na bliana 2014-2020.

(9) Ba cheart go leagfaí síos sa Rialachán seo, ar feadh thréimhse iomlán an Chláir, clúdach airgeadais arb é an phríomhthagairt, de réir bhrí phointe [17] den Chomhaontú Idirinstitiúideach an XX/YY/201Y idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le comhar i gcúrsaí buiséadacha agus maidir le smacht buiséadach agus le bainistíocht fhónta airgeadais[12], don údarás buiséadach le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

(10) Leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (dá ngairtear 'an Comhaontú LEE' anseo feasta) déantar foráil do chomhar sa réimse maidir le cosaint tomhaltóirí idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit ar thaobh amháin, agus tíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (dá ngairtear 'na tíortha CSTE/LEE' anseo

---

10 IO L 248, 16.9.2002, lch. 1

11 IO L 404, 30.12.2006, lch. 39

12 …

feasta), ar an taobh eile. Ba cheart foráil a dhéanamh freisin chun an Clár a oscailt do rannpháirtíocht tíortha eile, go háirithe tíortha comharsanachta an Aontais Eorpaigh agus tíortha atá ag déanamh iarratais ar bhallraíocht an Aontais Eorpaigh, tíortha is iarrthóirí, nó tíortha aontacha.

(11) I gcomhthéacs cur chun feidhme an Chláir, nuair is iomchuí, ba cheart comhar le tríú tíortha nach bhfuil rannpháirteach sa Chlár a spreagadh, ag cur san áireamh aon chomhaontuithe iomchuí idir na tíortha sin agus an tAontas.

(12) D'fhonn gnéithe neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir leis na táscairí atá leagtha síos in Iarscríbhinn II a oiriúnú. Tá sé ríthábhachtach go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí mar chuid den obair ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

(13) D'fhonn a áirithiú go mbeidh coinníollacha aonfhoirmeacha ann chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le cláir oibre bhliantúla a ghlacadh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún[13]. Ag glacadh leis nach leagtar amach na critéir maidir le sábháilteacht táirgí sa chlár ach go bhfuil sé d'aidhm ann tacaíocht airgeadais a chur ar fáil le haghaidh uirlisí chun beartas sábháilteacht táirgí a chur chun feidhme, agus ag glacadh an méid measartha beag atá i gceist, is iomchuí go bhfuil an nós imeachta comhairleach i bhfeidhm.

(14) Tá sé oiriúnach trasdul a áirithiú idir an clár gníomhaíochta comhphobail i réimse an bheartais tomhaltóirí (2007-2013) agus an Clár seo, go háirithe maidir le leanúint le hidirbhearta ilbhliantúla agus leis an meastóireacht ar rath an chláir roimhe sin agus ar na réimsí ar gá tuilleadh airde a thabhairt orthu. Amhail 1 Eanáir 2021, ba cheart, más gá, an caiteachas a bhaineann le bainistíocht na ngníomhaíochtaí nach bhfuil lánchríochnaithe faoi dheireadh 2020 a chumhdach le leithreasaí cúnaimh theicniúil agus riaracháin.

(15) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí atá sa Rialachán seo a bhaint amach go leordhóthanach i ngeall ar chineál trasteorann na saincheisteanna lena mbaineann, agus gur fearr is féidir dá bhrí sin, i ngeall ar an bhféidearthacht níos fearr ag gníomhaíocht an Aontais sláinte, sábháilteacht agus leasanna eacnamaíocha saoránach a chosaint, iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

---

[13] IO L 55, 28.02.2011, lch. 13

(16) Ba cheart Cinneadh Uimh. 1926/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 lena mbunaítear clár gníomhaíochta Comhphobail i réimse an bheartais tomhaltóirí (2007-2013) a aisghairm dá réir sin.

(17) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin beart comhréireach ar feadh na timthrialla caiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, nuair is iomchuí, pionóis,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Bunú**

Ba cheart go mbunófaí leis an Rialachán seo clár ilbhliantúil tomhaltóirí, ina gcuimsítear an tréimhse ó 1 Eanáir 2014 go dtí 31 Nollaig 2020, anseo feasta 'an Clár'.

*Airteagal 2*

**Cuspóir ginearálta**

Is é is aidhm don Chlár an cuspóir beartais a chothú maidir leis an tomhaltóir cumhachtaithe a chur ag croílár an mhargaidh inmheánaigh. Déanfar amhlaidh leis an gClár trí bhíthin rannchuidiú le sláinte, sábháilteacht agus leasanna eacnamaíocha tomhaltóirí a chosaint, mar aon lena gceart chun faisnéise agus oideachais a chur chun cinn agus chun iad féin a eagrú ar mhaithe lena leasanna a choimirciú. Déanfar beartais na mBallstát a chomhlánú, a chothú agus déanfar faireachán orthu leis an gClár.

*Airteagal 3*

**Cuspóirí agus táscairí sonracha**

1. Déanfar an cuspóir ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 2 a shaothrú trí bhíthin na gcuspóirí sonracha a leanas:

(1) Cuspóir 1 - sábháilteacht: sábháilteacht táirgí a chomhdhlúthú agus a fheabhsú trí bhíthin faireacháin éifeachtaigh ar an margadh ar fud an Aontais.

Déanfar an cuspóir seo a thomhas go háirithe trí bhíthin ghníomhaíocht chóras mear-rabhaidh an AE maidir le hearraí tomhaltais contúirteacha (RAPEX).

(2) Cuspóir 2 - faisnéis agus oideachas: feabhas a chur ar oideachas, ar fhaisnéis agus ar fheasacht tomhaltóirí maidir lena gcearta, chun an bonn fianaise le haghaidh beartas tomhaltóirí a fhorbairt agus tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí tomhaltóirí.

(3) Cuspóir 3: cearta agus sásamh: cearta tomhaltóirí a chomhdhlúthú go háirithe trí ghníomh rialála agus rochtain ar shásamh a fheabhsú lena n-áirítear malairt modhanna chun díospóidí a réiteach.

Déanfar an cuspóir sin a thomhas go háirithe trí bhíthin dul in iontaoibh na malairte modhanna chun díospóidí a réiteach d'fhonn díospóidí trasteorann a réiteach agus trí bhíthin gníomhaíochta um chóras réiteach díospóidí ar líne ar fud an Aontais.

(4) Cuspóir 4 - forfheidhmiú: forfheidhmiú cearta tomhaltóirí a chothú trí chomhar idir comhlachtaí forfheidhmiúcháin náisiúnta a neartú agus trí thomhaltóirí a chothú le comhairle.

Déanfar an cuspóir sin a thomhas go háirithe trí bhíthin leibhéal an tsreafa faisnéise agus an chomhair laistigh den Ghréasán um Chomhar i gCosaint na dTomhaltóirí agus trí bhíthin ghníomhaíocht Lárionaid Tomhaltóirí na hEorpa.

2. Tá tuairisc ar na táscairí ar fáil in Iarscríbhinn II.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 d'fhonn na táscairí atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a oiriúnú.

*Airteagal 4*

**Gníomhaíochtaí incháilithe**

Bainfear amach na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3 trí bhíthin na ngníomhaíochtaí atá leagtha amach sa liosta seo a leanas agus de réir na dtosaíochtaí atá leagtha amach sna cláir oibre bhliantúla dá dtagraítear in Airteagal 12:

(a) faoi chuspóir 1 - sábháilteacht:

(1) comhairle eolaíoch agus anailís riosca is iomchuí do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí maidir le táirgí agus seirbhísí neamhbhia lena n-áirítear tacaíocht do chúraimí na gcoistí eolaíocha neamhspleácha arna mbunú le Cinneadh 2008/721/CE ón gCoimisiún lenar bunaíodh struchtúr comhairle de Choistí Eolaíocha agus saineolaithe sa réimse maidir le sábháilteacht tomhaltóirí, sláinte phoiblí agus an comhshaol[14];

(2) gníomhaíochtaí faireacháin ar an margadh agus gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a chomhordú maidir le sábháilteacht táirgí i ndáil le Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí[15], agus gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar shábháilteacht seirbhísí do thomhaltóirí;

(3) bunachair shonraí maidir le cosmaidí a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh;

(b) faoi chuspóir 2 - faisnéis agus oideachas:

(4) an bonn fianaise maidir le déanamh beartas i réimsí a bhaineann le tomhaltóirí a fhorbairt;

---

[14] IO L 241, 10.09.2008, lch. 21
[15] IO L 11, 15.01.2002, lch. 4

(5) tacaíocht d'eagraíochtaí tomhaltóirí;

(6) feabhas a chur ar thrédhearcacht margaí tomhaltóirí agus ar fhaisnéis tomhaltóirí;

(7) feabhas a chur ar oideachas tomhaltóirí;

(c) faoi chuspóir 3 - cearta agus sásamh:

(8) tionscnaimh reachtacha agus rialála eile maidir le cosaint tomhaltóirí arna n-ullmhú ag an gCoimisiún, faireachán ar a dtrasuíomh ag na Ballstáit agus meastóireacht ina dhiaidh sin ar a iarmhairt, agus tionscnaimh chomhrialála agus féinrialála a chur chun cinn;

(9) rochtain ar fheidhmiú agus éifeachtacht meicníochtaí do thomhaltóirí chun díospóidí a réiteach agus faireachán orthu a éascú, go háirithe scéimeanna malartacha chun díospóidí a réiteach, lena n-áirítear iad a réiteach ar líne agus trí fhorbairt agus chothabháil uirlisí TF ábhartha;

(d) faoi chuspóir 4 - forfheidhmiú:

(10) gníomhaíochtaí faireacháin agus forfheidhmiúcháin a chomhordú i ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú[16];

(11) ranníocaíochtaí airgeadais i leith gníomhaíochtaí comhpháirteacha le comhlachtaí poiblí nó neamhbhrabúsacha arb éard iad líonraí an Aontais a chuireann faisnéis agus cúnamh ar fáil do thomhaltóirí chun cuidiú leo a gcearta a fheidhmiú agus rochtain a fháil ar réiteach díospóidí iomchuí, lena n-áirítear scéimeanna réitigh ar líne lasmuigh den chúirt (Líonra Eorpach na Lárionad Tomhaltóirí).

Tá tuairisc níos mionsonraithe ar inneachar na ngníomhaíochtaí sin ar áireamh in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 5*

**Tairbhithe atá incháilithe le haghaidh deontas**

1. Féadfar deontais maidir le feidhmiú eagraíochtaí tomhaltóirí ar leibhéal an Aontais a dheonú d'eagraíochtaí tomhaltóirí Eorpacha a chomhlíonann na coinníollacha uile a leanas:

(a) is eagraíochtaí neamhrialtais, neamhbhrabúsacha, neamhspleách ar leasanna tionscail, tráchtála agus gnó nó leasanna coinbhleachta eile iad, agus is iad a bpríomhchuspóirí agus a bpríomhghníomhaíochtaí leasanna sláinte, sábháilteachta agus eacnamaíocha tomhaltóirí san Aontas a chur chun cinn agus a chosaint;

---

[16] IO L 364, 09.12.2004, lch. 1

(b) tá siad sainordaithe chun ionadaíocht a dhéanamh do leasanna tomhaltóirí ar leibhéal an Aontais ag eagraíochtaí i leath de na Ballstáit ar a laghad atá ionadaíoch, de réir rialacha nó cleachtas náisiúnta, ar thomhaltóirí, atá gníomhach ar an leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal náisiúnta.

2. Féadfar deontais maidir le feidhmiú comhlachtaí idirnáisiúnta a chuireann prionsabail agus beartais chun cinn a chuireann le cuspóirí an Chláir a dheonú d'eagraíochtaí a chomhlíonann na coinníollacha uile a leanas:

(a) is eagraíochtaí neamhrialtais, neamhbhrabúsacha, neamhspleách ar leasanna gnó nó leasanna coinbhleachta eile iad, agus is iad a bpríomhchuspóirí agus a bpríomhghníomhaíochtaí leasanna sláinte, sábháilteachta, eacnamaíocha agus dlí tomhaltóirí a chur chun cinn agus a chosaint;

(b) déanann siad na gníomhaíochtaí uile seo a leanas: déanann siad foráil do mheicníocht fhoirmiúil le haghaidh ionadaithe tomhaltóirí ón Aontas agus ó thríú tíortha d'fhonn cur le cainteanna agus beartais pholaitiúla, eagraíonn siad cruinnithe le hoifigigh agus rialtóirí beartas chun leasanna tomhaltóirí le húdaráis phoiblí a chur chun cinn agus tacú leo, sainaithníonn siad ceisteanna agus dúshláin choitianta tomhaltóirí, cuireann siad dearcthaí tomhaltóirí chun cinn i gcomhthéacs caidreamh déthaobhach idir an tAontas agus tríú tíortha, cuireann siad le malartú agus le scaipeadh saineolais agus eolais ar cheisteanna tomhaltóirí san Aontas agus i dtríú tíortha, agus táirgeann siad moltaí beartais.

3. Féadfar deontais maidir le feidhmiú comhlachtaí ar leibhéal an Aontais a bunaíodh chun na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a chomhordú i réimse na sábháilteachta táirgí a dheonú do chomhlachtaí a aithnítear chun na críche seo le reachtaíocht an Aontais.

4. Féadfar deontais maidir le gníomhaíocht le haghaidh comhlachtaí ar fud an Aontais maidir le forbairt cóid iompair, na gcleachtas is fearr, treoirlínte le haghaidh comparáid praghsanna, cáilíocht agus inbhuanaitheacht táirgí a dheonú d'eagraíochtaí a chomhlíonann na coinníollacha uile a leanas:

(a) is eagraíochtaí neamhrialtais, neamhbhrabúsacha, neamhspleách ó tháirgeoirí earraí agus seirbhísí iad atá saor ó leasanna coinbhleachta, agus is iad a bpríomhchuspóirí agus a bpríomhghníomhaíochtaí leasanna tomhaltóirí a chur chun cinn agus a chosaint;

(b) tá siad gníomhach i leath na mBallstát ar a laghad.

5. Féadfar deontais le haghaidh gníomhaíochta d'údaráis na mBallstát atá freagrach as gnóthaí tomhaltóirí agus d'údaráis chomhfhreagracha i dtríú tíortha a dheonú d'údaráis arna gcur in iúl don Choimisiún i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 nó Treoir 2001/95/CE ag Ballstát nó ag tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán seo.

6. Féadfar deontais d'oifigigh fhorfheidhmiúcháin ó Bhallstáit agus ó thríú tíortha a dheonú d'oifigigh ó údaráis arna gcur in iúl don Choimisiún Eorpach chun críocha Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Threoir 2001/95/CE ag Ballstát nó ag tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán seo.

7. Féadfar deontais le haghaidh gníomhaíochta a dheonú do chomhlacht poiblí nó do chomhlacht neamhbhrabúsach a roghnaítear trí nós imeachta trédhearcach agus a ainmníonn Ballstát nó tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán seo. Beidh an comhlacht a ainmneofar ina chuid de líonra Aontais a sholáthraíonn faisnéis agus cúnamh do thomhaltóirí chun cuidiú leo a gcearta a fheidhmiú agus rochtain a fháil ar réiteach díospóidí iomchuí (Líonra Eorpach na Lárionad Tomhaltóirí).

8. Féadfar deontais le haghaidh gníomhaíochta a dheonú do chomhlachtaí láimhseála gearán atá bunaithe agus a fheidhmíonn san Aontas agus i dtíortha Chomhlachais Saorthrádála na hEorpa atá rannpháirteach sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, atá freagrach as gearáin tomhaltóirí a bhailiú, nó as iarrachtaí a dhéanamh gearáin a réiteach, nó comhairle a thabhairt, nó as faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí maidir le gearáin nó fiosruithe, agus atá ina dtríú páirtí ag gearán nó ag fiosrú a dhéanann tomhaltóir faoi thrádálaí. Ní áirítear leo sin meicníochtaí láimhseála gearán ó thomhaltóirí a fheidhmíonn trádálaithe agus trína ndéileáiltear le fiosruithe agus le gearáin go díreach leis an tomhaltóir nó meicníochtaí trína soláthraítear seirbhísí láimhseála gearán a fheidhmíonn trádálaí nó a fheidhmítear thar ceann trádálaí.

*Airteagal 6*

**An creat airgeadais**

Socrófar an t-imchlúdach airgeadais le haghaidh cur chun feidhme an Chláir ag EUR 197,000,000 i bpraghsanna reatha.

*Airteagal 7*

**Rannpháirtíocht tríú tíortha sa Chlár**

Féadfaidh leo seo a leanas páirt a ghlacadh sa Chlár:

(a) tíortha Chomhlachais Saorthrádála na hEorpa atá rannpháirteach sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, i gcomhréir leis na coinníollacha a bhunaítear leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch;

(b) tríú tíortha, go háirithe tíortha aontacha agus tíortha is iarrthóirí mar aon le hiarrthóirí féideartha, agus tíortha lena mbaineann Beartas Comharsanachta na hEorpa, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus leis na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta maidir lena rannpháirtíocht i gcláir an Aontais a bunaíodh leis na Comhaontuithe Réime, Cinntí ó Chomhairle Comhlachaithe nó comhaontuithe comhchosúla faoi seach.

*Airteagal 8*

**Cineálacha idirghabhálacha agus uasleibhéal an chómhaoinithe**

1. I gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002, féadfaidh ranníocaíochtaí airgeadais ón Aontas a bheith i bhfoirm ndeontas nó soláthair phoiblí nó

idirghabhálacha ar bith eile a theastaíonn chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 2 agus in Airteagal 3 a bhaint amach.

2. Déanfar na deontais ón Aontas agus a n-uasleibhéil chomhfhreagracha a shainiú mar seo a leanas:

(a) deontais maidir le feidhmiú eagraíochtaí tomhaltóirí ar leibhéal an Aontais, arna sainiú in Airteagal 5(1), nach mó ná 50% de na costais incháilithe;

(b) deontais maidir le feidhmiú comhlachtaí idirnáisiúnta a chuireann prionsabail agus beartais chun cinn a chuireann le cuspóirí an Chláir, arna sainiú in Airteagal 5(2), nach mó ná 50% de na costais incháilithe;

(c) deontais maidir le feidhmiú comhlachtaí ar leibhéal an Aontais a bunaíodh chun na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin sa réimse um shábháilteacht táirgí a chomhordú agus a aithnítear chun na críche seo le reachtaíocht an Aontais, arna sainiú in Airteagal 5(3), nach mó ná 95% de na costais incháilithe;

(d) deontais le haghaidh gníomhaíochta do chomhlachtaí ar fud an Aontais chun cóid chleachtais, na cleachtais is fearr, treoirlínte le haghaidh comparáid praghsanna, cáilíocht agus inbhuanaitheacht táirgí a fhorbairt, arna sainiú in Airteagal 5(4), nach nó ná 50% de na costais incháilithe;

(e) deontais le haghaidh gníomhaíochta d'údaráis na mBallstát atá freagrach as gnóthaí tomhaltóirí agus d'údaráis chomhfhreagracha i dtríú tíortha atá rannpháirteach de bhun Airteagal 7, arna sainiú in Airteagal 5(5), nach mó ná 50% de na costais incháilithe, ach amháin i gcás gníomhaíochtaí um fhóntas eisceachtúil arna shainiú sna cláir oibre bhliantúla, sa chás nach mbeidh ranníocaíocht an Aontais maidir leis na costais níos mó ná 70%;

(f) deontais maidir le hoifigigh fhorfheidhmiúcháin a mhalartú ó Bhallstáit agus ó thríú tíortha atá rannpháirteach de bhun Airteagal 7, arna sainiú in Airteagal 5(6), ina gcumhdaítear liúntais taistil agus chothaithe;

(g) deontais le haghaidh gníomhaíochta do chomhlachtaí arna n-ainmniú ag údaráis na mBallstát atá freagrach as gnóthaí tomhaltóirí agus ag údaráis choibhéiseacha i dtríú tíortha atá rannpháirteach de bhun Airteagal 7, arna sainiú in Airteagal 5(7), nach mó ná 70% de na costais incháilithe;

(h) deontais le haghaidh gníomhaíochta do chomhlachtaí náisiúnta um ghearáin tomhaltóirí, mar a shainítear in Airteagal 5(8), nach mo iad ná 50% de na costais incháilithe.

*Airteagal 9*

**Cúnamh riaracháin agus teicniúil**

D'fhéadfadh go gclúdódh an leithdháileadh airgeadais le haghaidh an Chláir costais freisin a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta atá ag teastáil chun bainistíocht a dhéanamh ar an gClár agus a chuspóirí a bhaint amach; go háirithe, staidéir, cruinnithe saineolaithe, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide lena n-

áirítear cumarsáid chorparáideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais sa mhéad is go mbaineann siad le cuspóirí ginearálta an Rialacháin seo, speansais a bhaineann le gréasáin TF a dhíríonn ar phróiseáil agus mhalartú faisnéise, in éineacht leis na speansais uile a bhaineann le cúnamh teicniúil agus riaracháin arna dtabhú ag an gCoimisiún do bhainistíocht an Chláir.

*Airteagal 10*

**Modhanna cur chun feidhme**

Is é an Coimisiún a chuirfidh an Clár chun feidhme trí na modhanna bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 53 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002.

*Airteagal 11*

**Comhsheasmhacht agus comhlántacht le beartais eile**

Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, comhsheasmhacht agus comhlántacht a áirithiú idir an Clár agus beartais, ionstraimí agus gníomhartha ábhartha eile de chuid an Aontais.

*Airteagal 12*

**Cláir oibre bliantúla**

Déanfaidh an Coimisiún an Clár a chur chun feidhme trí chláir oibre bliantúla a ghlacadh i bhfoirm gníomhartha cur chun feidhme ina leagfar amach na gnéithe dá bhforáiltear i Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 agus go háirithe:

(a) na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí cur chun feidhme atá le gabháil ar láimh, lena n-áirítear leithdháileadh acmhainní airgeadais;

(b) na critéir roghnúcháin agus deonúcháin bhunriachtanacha a úsáidfear chun na tograí a fhaigheann ranníocaíochtaí airgeadais a roghnú;

(c) sceideal ama na nglaonna beartaithe ar thairiscintí agus ar thograí;

(d) nuair is iomchuí, an t-údarú cnapshuimeanna, scálaí caighdeánacha costas aonaid nó maoiniú ar ráta comhréidh a úsáid i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002;

(e) na critéir chun a mheasúnú cé acu atá feidhm ag fóntas eisceachtúil nó nach bhfuil.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 16.

*Airteagal 13*

**Meastóireacht ar thorthaí agus iad a scaipeadh**

1. Ar iarratas ón gCoimisiún, cuirfidh Ballstáit faisnéis faoina bhráid maidir le cur chun feidhme agus le hiarmhairt an Chláir.

2. Tráth nach déanaí ná lár na bliana 2018, bunóidh an Coimisiún tuarascáil mheasúnaithe maidir le cuspóirí na mbeart ar fad a bhaint amach (ag leibhéal na dtorthaí agus na n-iarmhairtí), éifeachtúlacht úsáid acmhainní agus a bhreisluacha Eorpaigh, i bhfianaise cinnidh maidir le hathnuachan, modhnú nó fionraí na mbeart. Tabharfar aghaidh sa bhreis sa mheastóireacht ar an raon feidhme maidir le simpliú, a chomhchuibheas inmheánach agus seachtrach, ábharthacht leanúnach na gcuspóirí uile, mar aon le rannchuidiú na mbeart do thosaíochtaí an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach. Cuirfear torthaí na meastóireachta maidir le hiarmhairt fhadtéarmach an chláir réamhtheachtaí san áireamh ann;

   Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar iarmhairtí fadtéarmacha agus inbhuanaitheacht éifeachtaí an Chláir d'fhonn cur le Cinneadh maidir le hathnuachan, modhnú nó fionraí cláir ina dhiaidh sin.

3. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na ngníomhaíochtaí a dhéanfar de bhun an Rialacháin seo ar fáil don phobal.

*Airteagal 14*

**Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

1. Glacfaidh an Coimisiún bearta iomchuí lena n-áireofar, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go ndéanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne calaoise, éillitheachta nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha ar bith eile, trí sheiceálacha éifeachtacha agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íocadh go míchuí a aisghabháil agus, más cuí, trí phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus dhíspreagthacha.

2. Beidh cumhacht iniúchóireachta ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúchóirí, ar bhonn doiciméad agus ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí de chuid an Aontais.

   Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis an maoiniú sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96[17] d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach ar bith eile a rinne difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó Cinneadh deontais nó le conradh a bhaineann le maoiniú an Aontais.

   Gan dochar don chéad fhomhír agus don dara fomhír, le comhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus comhaontuithe deontais agus cinntí deontais agus conarthaí mar thoradh ar an Rialachán seo a chur chun feidhme,

---

[17] IO L 292, 15.11.1996, lch. 2.

tabharfar de chumhacht go sainráite don Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus do OLAF iniúchtaí, seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí den sórt sin a dhéanamh.

*Airteagal 15*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

2. Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3 a thabhairt don Choimisiún ar feadh thréimhse an Chláir 2014-2020.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3 a chúlghairm am ar bith. I gcás cinnidh maidir le cúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Tiocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontas Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí arna shonrú ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tharmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina thaobh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 3 i bhfeidhm ach amháin mura ndéanann Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó fhógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula dtéann an tréimhse sin in éag, go gcuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

*Airteagal 16*

**Nós imeachta coiste**

1. Beidh coiste de chúnamh ag an gCoimisiún de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 17*

**Bearta idirthréimhseacha**

1. Leanfaidh Airteagal 6 de Chinneadh Uimh. 1926/2006/CE d'fheidhm a bheith aige maidir le gníomhaíochtaí arna gcumhdach sa Chinneadh sin nach mbeidh curtha i gcrích faoi 31 Nollaig 2013. Dá bhrí sin, féadfaidh an leithdháileadh airgeadais don Chlár speansais a bhaineann le cúnamh teicniúil agus riaracháin a chumhdach freisin,

ar speansais iad a bhfuil gá leo chun an trasdul a áirithiú idir na bearta a glacadh faoi Chinneadh Uimh. 1926/2006/CE agus an Clár.

2. Más gá, féadfar leithreasuithe a iontráil sa bhuiséad i ndiaidh 2020 d'fhonn na costais dá bhforáiltear in Airteagal 9 a chumhdach, ionas go mbeifear ábalta na gníomhartha nach mbeidh curtha i gcrích faoi 31 Nollaig 2020 a bhainistiú.

*Airteagal 18*

**Aisghairm**

Déantar aisghairm ar Chinneadh Uimh. 1926/2006/CE le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

*Airteagal 19*

**Teacht i bhfeidhm agus dáta an churtha i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN I- Cineálacha gníomhaíochtaí

**Cuspóir I - Sábháilteacht: sábháilteacht táirgí a chomhdhlúthú agus a fheabhsú trí bhíthin faireacháin éifeachtaigh ar an margadh ar fud an AE**

**1. Comhairle eolaíoch agus anailís riosca is iomchuí le haghaidh sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí maidir le táirgí agus seirbhísí neamhbhia**

tacaíocht do chúraimí na gcoistí eolaíocha neamhspleácha arna mbunú le Cinneadh 2004/210/CE ón gCoimisiún lenar bunaíodh Coistí Eolaíocha sa réimse maidir le sábháilteacht tomhaltóirí, sláinte phoiblí agus an comhshaol[18].

**2. Gníomhaíochtaí faireacháin ar an margadh agus gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a chomhordú maidir le sábháilteacht táirgí i ndáil le Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, agus gníomhaíochtaí chun sábháilteacht seirbhísí tomhaltóirí a fheabhsú:**

(a) forbairt agus cothabháil uirlisí TF (e.g. bunachair shonraí, córais faisnéise agus chumarsáide);

(b) seimineáir, comhdhálacha, ceardlanna agus cruinnithe páirtithe leasmhara agus saineolaithe maidir le rioscaí agus forfheidhmiú sa réimse um shábháilteacht táirgí a eagrú;

(c) malartú agus oiliúint oifigeach forfheidhmiúcháin;

(d) gníomhaíochtaí comhchomhair faoi leith sa réimse maidir le táirgí agus seirbhísí tomhaltais neamhbhia, faoi Threoir 2001/95/CE;

(e) faireachán agus measúnú ar shábháilteacht táirgí agus seirbhísí neamhbhia, lena n-áirítear bonn eolais le haghaidh tuilleadh caighdeán nó tagarmharcálacha sábháilteachta eile a bhunú;

(f) comhar riaracháin agus forfheidhmiúcháin le tríú tíortha seachas na tíortha a thig faoi Airteagal 7;

(g) tacaíocht do chomhlachtaí atá aitheanta ag reachtaíocht an Aontais maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a chomhordú idir Ballstáit.

**3. Bunachair shonraí maidir le cosmaidí a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh**

(a) an Tairseach fógraí maidir le Táirgí Cosmaideacha a chothabháil a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha[19];

(b) an bunachar sonraí maidir le comhábhair chosmaideacha a chothabháil chun tacú le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009.

---

18 IO L 66, 04.03.2004, lch.45

19 IO 342, 22.12.2009, lch.59

**Cuspóir II - Faisnéis agus oideachas: feabhas a chur ar oideachas, ar fhaisnéis agus ar fheasacht tomhaltóirí maidir lena gcearta, chun an bonn fianaise le haghaidh beartas tomhaltóirí a fhorbairt agus tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí tomhaltóirí**

**4. An bonn fianaise maidir le déanamh beartas i réimsí a bhaineann le tomhaltóirí a fhorbairt**

a chuireann bonn fianaise ar fáil maidir le beartas tomhaltóirí a fhorbairt agus leasanna tomhaltóirí a chomhtháthú i mbeartais eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear:

(a) Staidéir agus anailísí ar fud an Aontais maidir le tomhaltóirí agus margaí tomhaltóirí;

(b) bunachair shonraí a fhorbairt agus a chothabháil;

(c) forbairt agus anailís maidir le staitisticí náisiúnta agus fianaise ábhartha eile. Déanfar bailiú sonraí agus táscairí náisiúnta maidir le praghsanna, gearáin, forfheidhmiú, sásamh, etc. a fhorbairt i gcomhar le páirtithe leasmhara náisiúnta.

**(5) Tacaíocht d'eagraíochtaí tomhaltóirí**

(a) ranníocaíochtaí airgeadais le haghaidh feidhmiú eagraíochtaí tomhaltóirí ar leibhéal an Aontais in ionannas leasanna tomhaltóirí i gcomhréir le forálacha Airteagal 5(1);

(b) forbairt acmhainní le haghaidh eagraíochtaí tomhaltóirí réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha, go sonrach tríd oiliúint agus trí mhalartú an chleachtais is fearr agus saineolais le haghaidh baill foirne, go háirithe le haghaidh eagraíochtaí tomhaltóirí i mBallstáit a léiríonn leibhéal measartha íseal de mhuinín agus d'fheasacht tomhaltóirí arna chruthú ag faireachán ar mhargaí tomhaltóirí agus ar an timpeallacht tomhaltais sna Ballstáit;

(c) tacaíocht do chomhlachtaí idirnáisiúnta a chuireann prionsabail agus beartais chun cinn atá comhsheasmhach le cuspóirí an Chláir.

**6. Feabhas a chur ar thrédhearcacht margaí tomhaltóirí agus ar fhaisnéis tomhaltóirí**

(a) feachtais spreagtha feasachta maidir le ceisteanna a théann i gcion ar thomhaltóirí, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí comhpháirteacha le Ballstáit;

(b) gníomhaíochtaí a chuireann feabhas ar thrédhearcacht margaí tomhaltóirí maidir le e.g táirgí airgeadais miondíola, fuinneamh, digiteach agus teileachumarsáid, iompar;

(c) gníomhaíochtaí a mhéadaíonn rochtain tomhaltóirí ar fhaisnéis ábhartha maidir le táirgí agus margaí;

(d) gníomhaíochtaí a mhéadaíonn rochtain tomhaltóirí ar fhaisnéis maidir le hídiú inbhuanaithe earraí agus seirbhísí;

(e) tacaíocht d'imeachtaí i ndáil le beartas tomhaltóirí an Aontais a eagraíonn uachtaránacht an Aontais maidir le ceisteanna i gcomhréir le tosaíochtaí beartais an Aontais atá bunaithe;

(f) tacaíocht do chomhlachtaí ar fud an Aontais maidir le forbairt cóid chleachtais/na gcleachtas is fearr/treoirlínte le haghaidh comparáid praghsanna/cáilíochta/inbhuanaitheachta;

(g) tacaíocht do chumarsáid maidir le ceisteanna tomhaltóirí, lena n-áirítear trí thacaíocht do na meáin chun cumhachtú tomhaltóirí agus forfheidhmiú a chur ar aghaidh.

(h) ranníochtaí le comhlachtaí náisiúnta gearáin chun cuidiú le húsáid modheolaíochta comhchuibhithe chun gearáin tomhaltóirí a rangú agus a thuairisciú agus chun déileáil le fiosrúcháin i dtaobh bhailiú agus thuairisciú gearán tomhaltóirí;

**(7) Feabhas a chur ar oideachas tomhaltóirí**

(a) ardán idirghníomhach a fhorbairt chun na cleachtais is fearr agus ábhair oideachais tomhaltóirí dírithe ar phríomhghrúpaí sprice a mhalartú, go háirithe tomhaltóirí óga, i sineirgíocht le clár maoiniúcháin na hEorpa maidir le hoideachas agus oiliúint;

(b) bearta agus ábhair oideachais a fhorbairt maidir le e.g. cearta tomhaltóirí lena n-áirítear ceisteanna trasteorann, sláinte agus sábháilteacht, reachtaíocht an Aontais maidir le tomhaltóirí, ídiú inbhuanaithe, litearthacht airgeadais.

**Cuspóir III - Cearta agus sásamh: cearta tomhaltóirí a chomhdhlúthú, go háirithe trí ghníomh rialála agus rochtain ar shásamh a fheabhsú lena n-áirítear malairt modhanna chun díospóidí a réiteach**

**(8) Tionscnaimh reachtacha agus rialála eile maidir le cosaint tomhaltóirí a ullmhú, measúnú ar a dtrasuíomh, faireachán, meastóireacht, agus cur chun feidhme a dhéanamh agus iad a fhorghníomhú ag Ballstáit agus tionscnaimh chomhrialála agus féinrialála a chur chun cinn, lena n-áirítear**

(a) staidéir, meastóireachtaí ex ante agus ex-post, measúnuithe tionchair, comhairliúcháin phoiblí, meastóireacht ar an reachtaíocht reatha;

(b) seimineáir, comhdhálacha, ceardlanna agus cruinnithe páirtithe leasmhara agus saineolaithe;

(c) forbairt agus cothabháil ar bhunachair shonraí ar a bhfuiltear ábalta rochtain éasca agus phoiblí a fháil ina gcuimsítear cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí;

(d) meastóireacht ar ghníomhaíochtaí arna ndéanamh faoin gClár.

**9. Rochtain agus faireachán ar fheidhmiú agus éifeachtacht meicníochtaí do thomhaltóirí chun díospóidí a réiteach,** go háirithe scéimeanna malartacha chun díospóidí a réiteach, lena n-áirítear iad a réiteach ar líne agus trí fhorbairt agus chothabháil uirlisí TF ábhartha

(a) uirlisí TF a fhorbairt agus a chothabháil;

(b) tacaíocht maidir le córas réiteach díospóidí ar líne ar fud an Aontais a fhorbairt agus maidir lena chothabháil, lena n-áirítear le haghaidh seirbhísí bainteacha amhail aistriúchán.

**Cuspóir IV - Forfheidhmiú: forfheidhmiú cearta tomhaltóirí a chothú trí chomhar idir comhlachtaí forfheidhmiúcháin náisiúnta a neartú agus trí thomhaltóirí a chothú le comhairle**

**10. Gníomhaíochtaí faireacháin agus forfheidhmiúcháin a chomhordú i ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear**

(a) forbairt agus cothabháil uirlisí TF (e.g. bunachair shonraí, córais faisnéise agus chumarsáide);

(b) gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar chomhar idir údaráis chomh maith le faireachán agus forfheidhmiú a chomhordú amhail malartú oifigeach forfheidhmiúcháin, gníomhaíochtaí coitianta, oiliúint le haghaidh oifigeach forfheidhmiúcháin agus le haghaidh ball na breithiúnachta;

(c) seimineáir, comhdhálacha, ceardlanna agus cruinnithe páirtithe leasmhara agus saineolaithe maidir le forfheidhmiú a eagrú;

(d) comhar riaracháin agus forfheidhmiúcháin le tríú tíortha nach bhfuil rannpháirteach sa Chlár.

11. **Ranníocaíochtaí airgeadais i leith gníomhaíochtaí comhpháirteacha le comhlachtaí poiblí nó neamhbhrabúsacha arb éard iad líonraí Comhphobail a chuireann faisnéis agus cúnamh ar fáil do thomhaltóirí chun cuidiú leo a gcearta a fheidhmiú agus rochtain a fháil ar réiteach díospóidí iomchuí, lena n-áirítear scéimeanna réitigh ar líne lasmuigh den chúirt (Líonra Eorpach na Lárionad Tomhaltóirí),** lena n-áirítear

forbairt agus cothabháil uirlisí TF (e.g. bunachair shonraí, córais faisnéise agus chumarsáide) a bhfuil gá leo maidir le feidhmiú cuí Líonra Eorpach na Lárionad Tomhaltóirí.

B'fhéidir go líonfaí an liosta seo le gníomhaíochtaí breise den chineál céanna a mbeadh an tionchar céanna acu ina saothraítear na cuspóirí sonracha atá luaite in Airteagal 3.

# IARSCRÍBHINN II

## Táscairí de réir Airteagal 3 den Chlár Tomhaltóirí

Cuspóir 1 - Sábháilteacht: Sábháilteacht táirgí a chomhdhlúthú agus a fheabhsú trí bhíthin faireacháin éifeachtaigh ar an margadh ar fud an AE

| Táscaire | Foinse | An staid faoi láthair | Sprioc |
|---|---|---|---|
| % d'fhógraí RAPEX ina gcuimsítear frithghníomh amháin ar a laghad (ag Ballstáit eile) | RAPEX | 43% (843 fógra) in 2010 | Méadú 10 % i 7 mbliana |
| Líon cóimheasa na bhfrithghníomhartha / líon na bhfógraí (rioscaí tromchúiseacha)* | RAPEX | 1.07 in 2010 | Méadú 15% i 7 mbliana |

** is féidir le fógra roinnt frithghníomhartha a spreagadh ó údaráis as Ballstáit eile*

Cuspóir 2: Faisnéis agus oideachas: feabhas a chur ar oideachas, ar fhaisnéis agus ar fheasacht tomhaltóirí maidir lena gcearta, chun an bonn fianaise le haghaidh beartas tomhaltóirí a fhorbairt agus tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí tomhaltóirí

| Táscaire | Foinse | An staid faoi láthair | Sprioc |
|---|---|---|---|
| Líon na gcomhlachtaí um ghearáin a chuir gearáin isteach chuig an ECCRS | Córas ECCRS (Clárú Gearán ó Thomhaltóirí na hEorpa) | na | 60% de chomhlachtaí um ghearáin i 7 mbliana |
| Iontaobhas in idirbhearta trasteorann - % de thomhaltóirí a bhfuil an mhuinín chéanna acu nó níos mó muiníne acu ceannachán a dhéanamh ar an idirlíon ó dhíoltóirí ó Bhallstát eile | Eorabharaiméadar Tomhaltóirí | 37 % in 2010 | 50% i 7 mbliana |

Cuspóir 3: Cearta agus sásamh: cearta tomhaltóirí a chomhdhlúthú go háirithe trí ghníomh rialála agus rochtain ar shásamh a fheabhsú lena n-áirítear malairt modhanna chun díospóidí a réiteach

| Táscaire | Foinse | An staid faoi láthair | Sprioc |
|---|---|---|---|
| % de chásanna trasteorann arna n-atreorú chuig an ADR ag ECCanna | Tuarascáil bhliantúil ECC | 9% in 2010 | 50% i 7 mbliana |
| Líon na gcásanna ar déileáladh leo trí chóras réiteach díospóidí ar líne ar fud an AE | | 17.500 (gearáin a fuair ECCanna a bhain le hidirbhearta r-thráchtála) in 2010 | 38.500% (+120%) i 7 mbliana |

Cuspóir 4: - Forfheidhmiú: forfheidhmiú cearta tomhaltóirí a chothú trí chomhar idir comhlachtaí forfheidhmiúcháin náisiúnta a neartú agus trí thomhaltóirí a chothú le comhairle

| Táscaire | Foinse | An staid faoi láthair | Sprioc |
|---|---|---|---|
| Leibhéal an tsreafa faisnéise agus an chomhair laistigh de Líonra an CPC:<br>- líon na n-iarratas maidir le faisnéis a mhalartú idir údaráis CPC<br>- líon na n-iarratas maidir le bearta forfheidhmiúcháin idir údaráis CPC<br>- líon na bhfoláireamh idir líonra an CPC | Bunachar sonraí Líonra an CPC (CPCS) | meáin bhliantúlaithe 2007-2010<br>129<br>142<br>63 | - méadú 40% i 7 mbliana<br>- méadú 40% i 7 mbliana<br>- méadú 30% i 7 mbliana |
| Líon na dteagmhálacha le tomhaltóirí ar dhéileáil Lárionaid Tomhaltóirí na hEorpa (ECC) leo | Tuarascáil ECC | 71.000 in 2010 | Méadú 50% i 7 mbliana |

D'fhéadfadh sé go gcuirfí leis na táscairí seo le táscairí comhthéacs ginearálta.

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH LE hAGHAIDH TOGRAÍ

## 1. CREAT AN TOGRA/AN TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/an tionscnaimh

1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóir(Cuspóirí)

1.5. Na forais leis an togra/an tionscnamh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modh(Modhanna) bainistíochta atá beartaithe

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteideal/ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne/na línte caiteachais buiséid lena mbaineann

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí de chineál riaracháin

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Rannpháirtíocht ó thríú páirtithe sa mhaoiniú

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH LE hAGHAIDH TOGRAÍ

## 1. CREAT AN TOGRA/AN TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/an tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gClár Tomhaltóirí 2014-2020 |

### 1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[20]

| |
|---|
| Beartas tomhaltóirí |

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua a leanann treoirthionscadal/réamhghníomhaíocht**[21]

☑ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar ghníomhaíocht atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht a atreoraíodh i dtreo gníomhaíochta nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

| |
|---|
| Is é is aidhm don Chlár Tomhaltóirí an cuspóir beartais a chothú maidir leis an tomhaltóir cumhachtaithe a chur ag croílár an Mhargaidh Aonair. Déanfar amhlaidh leis an gClár trí bhíthin rannchuidiú le sláinte, le sábháilteacht agus le leasanna eacnamaíocha tomhaltóirí a chosaint, mar aon lena gceart chun faisnéise agus oideachais a chur chun cinn agus chun iad féin a eagrú ar mhaithe lena leasanna a choimirciú. Déanfar beartais na mBallstát a chomhlánú, a chothú agus déanfar faireachán orthu leis an gClár. |

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

| |
|---|
| Cuspóir sonrach Uimh.1<br><br>Sábháilteacht: sábháilteacht táirgí a chomhdhlúthú agus a fheabhsú trí bhíthin faireacháin éifeachtaigh ar an margadh ar fud an AE<br><br>Gníomhaíocht(Gníomhaíochtaí) ABM/ABB lena mbaineann<br><br>Beartas tomhaltóirí<br><br>Cuspóir sonrach Uimh. 2 |

[20] ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí – ABB: Bunú an bhuiséid de réir Gníomhaíochtaí.

[21] Dá dtagraítear in Airteagal 49(6)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Faisnéis agus oideachas: feabhas a chur ar oideachas, ar fhaisnéis agus ar fheasacht tomhaltóirí maidir lena gcearta, chun an bonn fianaise le haghaidh beartas tomhaltóirí a fhorbairt agus tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí tomhaltóirí

Gníomhaíocht(Gníomhaíochtaí) ABM/ABB lena mbaineann

Beartas tomhaltóirí

Cuspóir sonrach Uimh. 3

Cearta agus sásamh: cearta tomhaltóirí a chomhdhlúthú, go háirithe trí ghníomh rialála agus rochtain ar shásamh a fheabhsú lena n-áirítear malairt modhanna chun díospóidí a réiteach

Gníomhaíocht(Gníomhaíochtaí) ABM/ABB lena mbaineann

Beartas tomhaltóirí

Cuspóir sonrach Uimh. 4

Forfheidhmiú: forfheidhmiú cearta tomhaltóirí a chothú trí chomhar idir comhlachtaí forfheidhmiúcháin náisiúnta a neartú agus trí thomhaltóirí a chothú le comhairle

Gníomhaíocht(Gníomhaíochtaí) ABM/ABB lena mbaineann

Beartas tomhaltóirí

1.4.3 *An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Is iad na tairbhithe a bheidh i gceist leis an gClár tomhaltóirí, údaráis náisiúnta atá freagrach as cosaint tomhaltóirí agus eagraíochtaí tomhaltóirí, agus is é an cuspóir uileghabhálach feabhas a chur ar staid tomhaltóirí ar fud an AE.

Tairgfear tacaíocht sa Chlár d'eagraíochtaí tomhaltóirí ar leibhéal an AE agus ar leibhéal náisiúnta, mar aon le húdaráis náisiúnta Ballstát atá i gceannas sábháilteacht agus forfheidhmiú táirgí.

Rachaidh an Clár chun tairbhe de facto gnóthaí creidiúnacha chomh maith, toisc go gcothaíonn beartas tomhaltóirí éifeachtach feidhmiú cuí an Mhargaidh Aonair, cuireann sé luach saothair ar fáil don chuid is mó de chuideachtaí iomaíocha agus brúnn sé amach oibreoirí bradacha. Tá tomhaltóirí cumhachtaithe ina spreagthaí ar nuálaíocht agus dá bhrí sin cothóidh beartas tomhaltóirí gnó nuálach. Ar deireadh, bainfidh oibreoirí eacnamaíocha tairbhe as machaire réidh bunaithe ar rialacha soiléire agus feidhmiú comhordaithe níos fearr. Sa chomhthéacs seo, cuideoidh an Clár le fás eacnamaíoch a spreagadh.

1.4.4 *Táscairí a léiríonn toradh agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí a léiríonn faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.*

Cuspóir 1: Sábháilteacht: sábháilteacht táirgí a chomhdhlúthú agus a fheabhsú trí bhíthin faireacháin éifeachtaigh ar an margadh ar fud an AE

| |
|---|
| - % d'fhógraí RAPEX ina gcuimsítear frithghníomh amháin ar a laghad (ag Ballstáit eile)<br>- Líon cóimheasa na bhfrithghníomhartha / líon na bhfógraí (rioscaí tromchúiseacha) |

Cuspóir 2: Faisnéis agus oideachas: feabhas a chur ar oideachas, ar fhaisnéis agus ar fheasacht tomhaltóirí maidir lena gcearta, chun an bonn fianaise le haghaidh beartas tomhaltóirí a fhorbairt agus tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí tomhaltóirí

Líon na gcomhaltaí um ghearáin a chuir gearáin isteach chuig córas an ECCR (Clár Gearán ó Thomhaltóirí na hEorpa)

- Iontaobhas in idirbhearta trasteorann - % de thomhaltóirí a bhfuil an mhuinín chéanna acu nó níos mó muiníne acu maidir le ceannachán a dhéanamh ar an idirlíon ó dhíoltóirí ó thír AE eile

*Cuireadh an táscaire seo san áireamh ar bhonn sealadach in easnamh táscaire eile i bhfad níos fearr Is dócha go ndéanfar é a leasú / a fhorlíonadh amach anseo.*

Cuspóir 3: Cearta agus sásamh: cearta tomhaltóirí a chomhdhlúthú go háirithe trí ghníomh rialála agus rochtain ar shásamh a fheabhsú lena n-áirítear malairt modhanna chun díospóidí a réiteach

- % de chásanna trasteorann arna n-atreorú chuig ADR ag Lárionaid Tomhaltóirí na hEorpa (ECCanna)

- Líon na gcásanna ar déileáladh leo trí chóras réiteach díospóidí ar líne ar fud an AE

Cuspóir 4: - Forfheidhmiú: forfheidhmiú cearta tomhaltóirí a chothú trí chomhar idir comhlachtaí forfheidhmiúcháin náisiúnta a neartú agus trí thomhaltóirí a chothú le comhairle

- Leibhéal an tsreafa faisnéise agus an chomhair laistigh de Líonra an Chomhair um Chosaint Tomhaltóirí (CPC):

- líon na n-iarratas maidir le faisnéis a mhalartú idir údaráis CPC

- líon na n-iarratas maidir le bearta forfheidhmiúcháin idir údaráis CPC

- líon na bhfoláireamh idir líonra an CPC

- Líon na dteagmhálacha le tomhaltóirí ar dhéileáil Lárionaid Tomhaltóirí na hEorpa (ECCanna) leo

## 1.5. Na forais leis an togra/an tionscnamh

### *1.5.1 Na ceanglais is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Tabharfar tacaíocht sa Chlár Tomhaltóirí iar-2013 (anseo feasta an "Clár") do chur chun feidhme ghníomhaíocht an Choimisiúin sa réimse beartais tomhaltóirí ó 2014 i leith. Tógann sé ar na torthaí a baineadh amach tríd an gClár reatha (2007-2013).

Leis an gClár nua cothófar an beartas tomhaltóirí amach anseo a chuirfidh saoránaigh an AE mar thomhaltóirí cumhachtaithe ag croílár an Mhargaidh Aonair agus a dhéanfaidh comhlánú ar thionscnaimh ina ndírítear ar thaobh an tsoláthair.

Tá gá le roinnt leanúnachais idir na Cláir reatha agus Cláir amach anseo, i gcomhréir le torthaí mheastóireacht mheántréimhseach na Straitéise agus an Chláir 2007-2013 ina

leagtar béim air go bhfuil an beartas measartha nua ar leibhéal an AE agus go bhfuil leanúnachas tábhachtach maidir le tionchar a bhaint amach.

Ag an am céanna, tá tábhacht mhéadaithe le dúshláin shochaíocha úra, amhail an chastacht mhéadaithe maidir le cinnteoireacht (rólódáil faisnéise; níos mó freagrachta aistrithe chuig custaiméirí i ndiaidh léirscaoilte; táirgí agus seirbhísí sofaisticiúla agus fógraíocht shofaisticiúil), an gá le dul i dtreo patrúin níos inbhuanaithe tomhaltais, na deiseanna agus na bagairtí a bhaineann le digitiú, méadú in eisiamh sóisialta agus líon na dtomhaltóirí leochaileacha agus daonra atá ag dul in aois.

Na príomhfhadhbanna a dtabharfar aghaidh orthu trí bhíthin gníomhaíochtaí a bhaineann le sábháilteacht a mhaoiniú; faisnéis agus oideachas; cearta agus sásamh; agus forfheidhmiú, faoi mar a thuairiscítear sa Mheabhrán Míniúcháin.

1.5.2 *Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE*

Tá cur síos déanta ar bhreisluach rannpháirteachas an AE sa Mheabhrán Míniúcháin.

1.5.3 *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí chosúil roimhe seo*

Leagtar béim i meastóireacht ex-post Chlár 2004-2007 ar an mbreisluach, faoi mar a dhéantar amhlaidh le haghaidh mheastóireacht mheántréimhseach an Chláir 2007-2013 (agus an Straitéis um Beartas Tomhaltóirí), d'ainneoin gur réimse measartha úr é beartas tomhaltóirí na hEorpa agus tá leibhéal maoinithe an AE faoin gClár measartha beag. Leagtar béim ann go gcuireann gníomhaíochtaí faoin Straitéis agus faoi na Cláir le cuspóirí Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach.

Tá na torthaí deimhneach ar fud an domhain maidir le hábharthacht chuspóirí na Straitéise agus an Chláir, a n-iarmhairtí agus a mbreisluach. Baintear de thátal as chomh maith go mbeidh iarmhairtí fadtéarmacha ag an gClár ar chosaint tomhaltóirí.

Déantar dibhéirsiú áirithe follasach sa mheastóireacht ar thuairimí maidir leis an Straitéis agus leis an gClár idir údaráis náisiúnta agus eagraíochtaí tomhaltóirí, agus na húdaráis náisiúnta níos deimhní faoin méid atá bainte amach ag an Straitéis agus ag na Cláir (ar an iomlán creideann 88% d'údaráis náisiúnta agus 82% d'eagraíochtaí tomhaltóirí gur chuir an Straitéis reatha méid mór nó measartha (meándeimhneach) le tionscnaimh beartais tomhaltóirí an AE).

Dearbhaíonn údaráis náisiúnta tríd is tríd go bhfuil an Straitéis agus an Clár comhlántach le beartas náisiúnta tomhaltóirí.

Mar sin féin, baintear de thátal as an meastóireacht nach dtugtar aghaidh ach go páirteach leis an Straitéis agus leis an gClár reatha ar dhúshláin shóisialta agus chomhshaoil atá ag teacht chun cinn.

Go sonrach maidir leis na gníomhaíochtaí sonracha a rinneadh faoin gClár:

i) Sábháilteacht:

- Maidir le sábháilteacht táirgí, tá méadú tagtha ar chomhordú idir údaráis faireacháin an mhargaidh. Moltar sa tuarascáil faireachán agus forfheidhmiú a neartú tuilleadh trí RAPEX, ag saothrú na n-iarrachtaí ina ndírítear ar aghaidh a thabhairt ar ghné idirnáisiúnta sábháilteacht táirgí agus ag baint leasa teicneolaíochtaí nua a úsáid.

ii) Faisnéis agus oideachas tomhaltóirí:

- Faireachán ar an margadh tomhaltóirí, bhí ról tábhachtach ag Scórchlár an Mhargaidh Tomhaltóirí agus ag grinnstaidéir mhargaidh maidir le beartas tomhaltóirí a chothú. Imríonn siad ról tábhachtach maidir le hábhar imní a bhíonn ag tomhaltóirí a chomhtháthú go cuí i mbeartais ábhartha an AE agus maidir le reachtaíocht éifeachtach a cheapadh. Moltar sa tuarascáil freisin go ndéanfaí an tuiscint ar iompraíocht na dtomhaltóirí féin a fhorbairt tuilleadh.

- Bhí an dul chun cinn maidir le hoideachas tomhaltóirí suas agus síos, go háirithe i gcás Dolceta áit a bhfuil imní maidir le sainiú an spriocllucht éisteachta/féachana. Moltar sa tuarascáil uirlisí oideachais a chomhdhlúthú, rud a thabharfaidh sainiú níos fearr ar lucht éisteachta/féachana Dolceta, ar a ábhar agus scaipeadh, agus sineirgí leis na curaclaim náisiúnta a lorg.

- Rinneadh meastóireacht dheimhneach ar an tacaíocht a tugadh trí na Cláir d'eagraíochtaí tomhaltóirí ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal náisiúnta. Meastar ról eagraíochtaí ar leibhéal an AE a bheith ríthábhachtach chun ionadaíocht leasanna tomhaltóirí i gceapadh beartais an AE a áirithiú. Moltar sa tuarascáil leanúint den oiliúint (forbairt acmhainní) a chuirtear ar fáil d'eagraíochtaí tomhaltóirí náisiúnta, agus iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht cúrsaí a chur ar fáil ar an leibhéal náisiúnta.

iii) Cearta agus sásamh tomhaltóirí:

- Leagtar béim sa tuarascáil ar an mbreisluach atá nasctha le leibhéal níos mó comhchuibhithe arna dtabhairt ag na forbairtí reachtacha, atá curtha i gcrích nó atá fós á ndéanamh.

- Tá ag éirí níos mó agus níos mó leis na Cláir agus leis an Straitéis beartas tomhaltóirí a chomhtháthú i mbeartais ábhartha an AE. Moltar sa tuarascáil na hiarrachtaí sa réimse seo a shaothrú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua atá ag teacht chun cinn mar iad seo a leanas: ceisteanna a bhaineann le digitiú, an t-aistriú i dtreo patrúin níos inbhuanaithe tomhaltais, agus le leochaileacht tomhaltóirí de bharr na géarchéime. Iarrtar soiléiriú inti freisin i leith páirtithe leasmhara maidir leis an ról atá ag seirbhísí éagsúla an Choimisiúin i dtaca le ceisteanna tomhaltóirí.

- Tá fadhb fós leis an rochtain atá ag tomhaltóirí ar shásamh. Déantar tagairt sa tuarascáil ar an ngá le dul chun cinn a dhéanamh ar an gceist seo agus feasacht tomhaltóirí faoin modh sásaimh a mhéadú.

iv) Forfheidhmiú:

- Faoin Straitéis agus faoi na Cláir, rinneadh comhar forfheidhmiúcháin trasteorann a neartú trí líonra na n-údarás forfheidhmiúcháin (Líonra CPC) agus trí ghníomhaíochtaí

comhordaithe amhail “scuaibíní”. Moltar sa tuarascáil an comhordú idir an Líonra CPC agus údaráis fhorfheidhmiúcháin a mhéadú tuilleadh.

- Tríd an Straitéis agus na Cláir cuirtear tacaíocht mhéadaithe ar fáil do thomhaltóirí a lorgaíonn comhairle maidir le díospóidí trasteorann trí líonra Eorpach na Lárionad Tomhaltóirí (ECC-net). Mar sin féin, moltar sa tuarascáil a n-infheictheacht a mhéadú agus mar sin feasacht tomhaltóirí a mhéadú.

*1.5.4 Comhchuibheas agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí ábhartha eile*

***Naisc chuig Eoraip 2020 agus tionscnaimh shuaitheanta***

I Straitéis Eoraip 2020 iarrtar go ndéantar na "saoránaigh a chumhachtú chun ról iomlán a bheith acu sa mhargadh aonair", rud a éilíonn go "neartófar a gcumas chun earraí agus seirbhísí a cheannach trasteorann, agus go háirithe ar líne agus a muinín ann".

Is tomhaltóirí eolasacha agus cumhachtaithe amháin atá ábalta na roghanna is fearr a dhéanamh ar mhaithe lena leas féin agus ar mhaithe le folláine an gheilleagair, trí iomaíocht threisithe, nuálaíocht agus comhtháthú an Mhargaidh Aonair, agus tacaíocht a thabhairt ar an gcaoi sin do sprioc uileghabhálach Straitéis Eoraip 2020. Le giaráil chumhacht eacnamaíoch ollmhór an chaiteachais tomhaltóirí (arb é 56% de OTI an AE é) déanfar rannchuidiú tábhachtach chun cuspóir an AE a bhaint amach eadhon fás a athadhaint. Dearbhaítear é seo sa Suirbhé Bliantúil ar Fhás 2011 ina sainaithnítear dálaí níos fearr do thomhaltóirí mar cheann de na príomhspreagthaí le haghaidh fáis. Cuidíonn beartas tomhaltóirí le tomhaltóirí an rogha fhairsing a thugtar dóibh a shaothrú agus tríd sin gnóthais atá níos éifeachtúla agus níos nuálaí a chur chun cinn.

Tabharfaidh beartas tomhaltóirí rannchuidiú tábhachtach don tionscnamh suaitheanta um Chlár Oibre Digiteach (seirbhísí gan teorainn agus sábháilte agus margaí ábhar digiteach, rochtain, litearthacht dhigiteach), cuimsiú sóisialta (ag cur cás na dtomhaltóirí níos leochailí san áireamh), fás inbhuanaithe (tomhaltas inbhuanaithe) agus an tábhacht a bhaineann le rialú cliste (faireachán ar an margadh tomhaltóirí mar bhonn chun beartais éifeachtacha agus roghnaíocha a cheapadh).

***Naisc leis an nGníomh um an Margadh Aonair agus tionscnaimh eile***

Áitítear i dtuarascáil Monti maidir leis an straitéis nua ar an Margadh Aonair gur cheart do “Thomhaltóirí agus leas tomhaltóirí a bheith ag lár na chéad chéime eile den mhargadh aonair.” Leagtar béim inti ar an tábhacht a bhaineann le tomhaltóirí a chumhachtú, beartais a bhunú ar fhianaise agus margaí ina mainnítear tomhaltóirí a bhrath, margadh aonair digiteach a bhunú (trí Mhalairt Modhanna chun Díospóidí a Réiteach agus sásamh comhchoiteann), sábháilteacht agus caighdeánú táirgí.

Leagtar béim sa Ghníomh um an Margadh Aonair ar roinnt de na ceisteanna seo a bhaineann le tomhaltóirí, go háirithe sásamh (mar thionscnamh straitéiseach), sábháilteacht táirgí, agus uirlisí a fhorbairt chun fadhbanna a réiteach.

Sainaithníodh sa tuarascáil maidir le Saoránacht 2010, a cuireadh i láthair mar thionscnamh comhlántach don ‘Ghníomh um an Margadh Aonair’, i measc nithe eile, nach raibh sraith aonair rialacha cosanta tomhaltóirí ann, go raibh easpa feasachta ann faoi mhodhanna reatha maidir le sásamh agus go raibh modhanna neamhleora mar bhacainní ar shaoránacht Eorpach a réadú go hiomlán.

D'eisigh Parlaimint na hEorpa roinnt tuarascálacha in 2010 lena n-áirítear moltaí maidir le beartas tomhaltóirí amach anseo:

Iarrtar cur chuige iomlánaíoch i dtuarascáil Grech ina gcuirtear leasanna tomhaltóirí ag croílár an Mhargaidh Aonair. Leagtar béim sa tuarascáil inter alia orthu seo: an tábhacht le bonn fianaise agus faireachán ar an margadh, an cheist maidir le sábháilteacht táirgí agus seirbhísí, an ról ollmhór atá ag eagraíochtaí tomhaltóirí, feabhas a chur ar chumas na meicníochtaí réitigh fadhbanna, leasanna tomhaltóirí a chomhtháthú i mbeartais agus i reachtaíocht ábhartha an AE, cosaint tomhaltóirí maidir le seirbhísí airgeadais, sásamh agus faisnéis tomhaltóirí.

Leagtar béim i dtuarascáil Hedh ar an tábhacht le bonn fianaise (Scórchlár, staidéir, gearáin) agus forfheidhmiú maidir le dlí tomhaltóirí agus sábháilteacht táirgí (lena n-áirítear ADR, scuaibíní, an gá le hacmhainní le haghaidh CPC agus ECC). Cuirtear béim inti chomh maith ar an ngá atá ann leasanna tomhaltóirí a chur ar áireamh i ngach beartas AE agus iarrtar ar an gCoimisiún inti tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir leis an gceist seo, ról na n-eagraíochtaí tomhaltóirí, an gá le hoideachas tomhaltóirí a fhorbairt (lena n-áirítear trí thairseacha gréasáin, tomhaltóirí leochaileacha a shroicheadh), an gá le tomhaltas inbhuanaithe a chur chun cinn.

Sa réimse a bhaineann le sábháilteacht táirgí, iarrtar i dtuarascáil Schaldemose (2011) ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún acmhainní leormhaithe a chur ag obair le haghaidh gníomhaíochtaí éifeachtacha chun faireachán a dhéanamh ar an margadh, ag cur béime air go bhféadfaí iomaíocht a shaobhadh, go bhféadfaí sábháilteacht tomhaltóirí a chur i mbaol agus beag is fiú a dhéanamh den iontaoibh atá ag saoránaigh sa Mhargadh Aonair. Iarrtar ar an gCoimisiún sa tuarascáil freisin gníomhaíochtaí comhpháirteacha um fhaireachán ar an margadh a mhaoiniú tuilleadh agus go leor acmhainní a leithdháileadh chun tacaíocht airgeadais a thabhairt maidir le hardán/nó eagraíocht a chruthú a thacaíonn le comhordú leathnaithe idir Ballstáit. Spreagtar an Coimisiún sa tuarascáil freisin chun Bunachar Sonraí maidir le Faisnéis um Shábháilteacht Táirgí Tomhaltóirí a bhunú, lena n-áirítear ardán le haghaidh gearán.

Leagadh béim i dtuarascáil Arias (2010) maidir le r-thráchtáil ar an tábhacht a bhaineann le muinín tomhaltóirí a neartú sa réimse seo.

I gcomhthéacs na díospóireachta maidir leis 'an nGníomh um an Margadh Aonair', leagadh béim i dtuarascáil Kalnieteu ar "Rialachas agus Comhpháirtíocht sa Mhargadh Aonair" ar an tábhacht a bhaineann leis an togra amach anseo maidir le Malairt Modhanna chun Díospóidí a Réiteach (ADR).

Ar deireadh, tá an Pharlaimint ag ullmhú tuarascáil féintionscnaimh le haghaidh mhí Dheireadh Fómhair maidir leis an mbeartas tomhaltóirí amach anseo (rapporteur: An tUas. Eva-Britt Svensson/An tUas. Kyriakos Triantaphyllides).

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais**

☑ Togra/tionscnamh **d'fhad teoranta**

– ☑ Togra/tionscnamh i bhfeidhm ón 01/01]2014 go [31/12]2020

– ☑ Tionchar airgeadais ó 2014 go 2020 maidir le leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí

☐ Togra/tionscnamh **d'fhad neamhtheoranta**

– Cur chun feidhme le tréimhse thosaigh idir BBBB agus BBBB,

– agus feidhm iomlán ina dhiaidh sin.

**1.7 Modh(Modhanna) bainistíochta atá beartaithe**[22]

☑ **Bainistíocht dhíreach láraithe** ag an gCoimisiún

☑ **Bainistíocht indíreach láraithe** trí na cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig:

– ☑ gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

– ☐ comhlachtaí arna mbunú ag na Comhphobail[23]

– ☐ comhlachtaí náisiúnta san earnáil phoiblí/comhlachtaí a bhfuil misean de sheirbhís phoiblí acu

– ☐ daoine a bhfuil sé de chúram orthu gníomhaíochtaí ar leith a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus atá sainaitheanta sa ghníomh bunaidh ábhartha de réir bhrí Airteagal 49 den Rialachán Airgeadais

☐ **Bainistíocht chomhpháirteach** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht dhíláraithe** le tríú tíortha

☑ **Comhbhainistiú** le heagraíochtaí idirnáisiúnta ***(tabhair sonraí)***

*I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

Gníomhaireacht feidhmiúcháin EAHC: I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do Ghníomhaireachtaí Feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[24], rinne an Coimisiún[25] na cúraimí cur chun feidhme maidir leis an gClár Gníomhaíochta Comhphobail a bhainistiú a thabhairt don Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Shláinte agus Tomhaltóirí sa réimse beartais Tomhaltóirí 2007-2013. Dá bhrí sin féadfaidh an Coimisiún Cinneadh a dhéanamh na cúraimí cur chun feidhme maidir leis an gClár Tomhaltóirí 2014-2020 a bhainistiú a thabhairt don Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Shláinte agus Tomhaltóirí chomh maith.

Comhbhainistiú : beartaithe chun tacú le páirtí oibre an ECFE maidir le sábháilteacht táirgí

22 Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh Gréasáin BudgWeb: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

23 Dá dtagraítear in Airteagal 185 den Rialachán Airgeadais.

24 IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.

25 Cinneadh (2008)4943 ón gCoimisiún an 9 Meán Fómhair 2008.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh an mhinicíocht agus na coinníollacha.*

Foráiltear sa Chlár go gcuirfidh an Coimisiún Coiste na mBallstát ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí a rinneadh maidir leis an gClár a chur chun feidhme.

Foráiltear sa Chlár go mbunóidh an Coimisiún, nach déanaí ná lár na bliana 2018, tuarascáil mheasúnaithe maidir le cuspóirí uile na mbeart a bhaint amach, éifeachtúlacht úsáid na n-acmhainní, agus a bhreisluacha Eorpaigh, i bhfianaise cinnidh maidir leis na bearta a athnuachan, a mhodhnú nó a chur ar fionraí.

Ina theannta sin, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar fadtéarmach agus inbhuanaitheacht iarmhairtí an Chláir Tomhaltóirí d'fhonn cur le Cinneadh maidir le clár ina diaidh sin a athnuachan, a mhodhnú nó a chur ar fionraí.

Soláthrófar gnéithe úsáideacha chomh maith sa mheastóireacht ex-post ar an gClár reatha (2007-2013), atá beartaithe roimh dheireadh 2015, maidir le cur chun feidhme an Chláir 2014 – 2020.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

#### *2.2.1. An riosca nó na rioscaí a aithníodh*

Cumhdaítear aitreabúideacht na gconarthaí seirbhíse mar aon le deontais i gcur chun feidhme an bhuiséid chomh maith.

Déanfar deontais a dheonú i leith gníomhaíochtaí tacaíochtaí go príomha d'údaráis Ballstáit agus do chomhlachtaí poiblí nó do chomhlachtaí neamhbhrabúsacha arna gceapadh agus arna gcómhaoiniú ag na Ballstáit. Maireann tréimhse chur i gcrích na dtionscadal fóirdheontais idir bliain amháin agus dhá bhliain de ghnáth. Tá teorainn le líon bliantúil na gcomhaontuithe deontais agus cumhdaíonn siad buiséad thart ar EUR 13 milliún in aghaidh na bliana.

Tabharfar conarthaí seirbhíse i gcrích go háirithe maidir le staidéir, bailiú sonraí, meastóireacht, oiliúint, feachtais faisnéise, seirbhísí TF agus cumarsáide, bainistíocht saoráidí etc. Is institiúidí, saotharlanna, gnólachtaí comhairleachta agus cuideachtaí príobháideacha eile a bheidh sna conraitheoirí den chuid is mó, agus is fiontair bheaga agus mheánmhéide a bheidh ina lán acu. Tá an meánbhuiséad bliantúil maidir le conarthaí measta ag thart ar EUR 12 milliún; tá líon na gconarthaí aonair measta faoi láthair ag thart ar 25 in aghaidh na bliana.

Is iad seo a leanas na príomhrioscaí:

- An riosca maidir le droch-cháilíocht na dtionscadal a roghnaíodh agus droch-chur chun feidhme teicniúil an tionscadail, rud a laghdaíonn tionchar an chláir; i ngeall ar nósanna imeachta roghnúcháin neamhleora, easpa saineolais nó faireachán neamhleor;

- An riosca maidir le húsáid neamhéifeachtach nó neamheacnamaíoch na gcistí a deonaíodh, le haghaidh deontas (an chastacht a bhaineann le costais incháilithe iarbhír a chúiteamh mar aon le féidearthachtaí teoranta chun costais incháilithe a sheiceáil ag an deasc) agus le haghaidh soláthair (corruair bíonn líon teoranta soláthraithe eacnamaíocha ann a bhfuil an saineolas acu a theastaíonn ina bhfuil féidearthachtaí neamhleora chun comparáidí a dhéanamh idir tairiscintí praghsanna);

- An riosca do chlú an Choimisiúin, má aimsítear calaois nó gníomhaíochtaí coiriúla; ní féidir ach dearbhú páirteach a fháil as córais rialaithe inmheánaigh tríú páirtithe i ngeall ar an líon measartha ard conraitheoirí agus tairbhithe ilchineálacha, iad ar fad ag feidhmiú a gcóras rialaithe féin, agus bíonn siad measartha beag go minic.

2.2.2 *Modh(Modhanna) rialaithe atá beartaithe*

Cuirfear an buiséad chun feidhme trí bhainistíocht dhíláraithe dhíreach, cé go mb'fhéidir go ndéanfar codanna de chúraimí cur chun feidhme an chláir a tharmligean chuig an ngníomhaireacht feidhmiúcháin EAHC reatha. Bhunaigh an Ghníomhaireacht seo a córas rialaithe inmheánaigh féin, déanann Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na dTomhaltóirí é a mhaoirsiú, agus déanann iniúchóir inmheánach an Choimisiúin mar aon leis an gCúirt Iniúchóirí é a iniúchadh.

Chuir Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na dTomhaltóirí agus an EAHC araon nósanna imeachta inmheánacha i bhfeidhm ina ndírítear ar na rioscaí a sainaithníodh thuas a chumhdach. Comhlíonann na nósanna imeachta inmheánacha an rialachán airgeadais go hiomlán agus áirítear comaoineacha costais is tairbhe iontu. Faoi chuimsiú an chreata seo, leanann Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na dTomhaltóirí ag iniúchadh féidearthachtaí d'fhonn feabhas a chur ar an mbainistíocht agus simpliú a mhéadú. Is iad seo a leanas príomhghnéithe an chreata rialaithe:

- **Saintréithe phróiseas roghnúcháin na dtionscadal**: tá gach glao ar thograí/ar thairiscintí bunaithe ar an gClár Oibre bliantúil arna ghlacadh ag an gCoimisiún. I ngach glao, foilsítear na critéir eisiata, roghnúcháin agus deonaithe uile maidir le tograí/tairiscintí a roghnú. I gcoinne na gcritéar seo, déanann coiste meastóireachta meastóireacht ar gach togra/tairiscint agus na prionsabail a bhaineann le neamhspleáchas, trédhearcacht, comhréireacht, cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú á mbreathnú aige.

- **Straitéis Chumarsáide Seachtraí:** Tá straitéis chumarsáide dea-bhunaithe ag Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na dTomhaltóirí ina bhféachtar le tuiscint iomlán na gconraitheoirí/na dtairbhithe ar na ceanglais agus forálacha conarthacha a áirithiú. Tá na modhanna seo a leanas á n-úsáid: Suíomh Gréasáin Chlár EUROPA; cruinnithe faisnéise le tairbhithe/conraitheoirí; nótaí treorach fairsinge mar aon le "ceisteanna coitianta" agus deasc chabhrach.

- Rialuithe sula gcuirfear na tionscadail chun feidhme agus le linn iad a chur chun feidhme:

– Úsáideann Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na dTomhaltóirí agus an EAHC araon na comhaontuithe deontais shamplacha arna moladh ag an gCoimisiún. Déantar foráil iontu maidir le forálacha rialaithe amhail deimhnithe iniúchóireachta, ráthaíochtaí airgeadais, iniúchtaí ar an láithreán mar aon le hiniúchtaí a dhéanann OLAF. Déanfar na rialacha lena rialaítear incháilitheacht costas a shimpliú, mar

shampla, trí chnapshuimeanna a úsáid i líon teoranta catagóirí costas. Lena chois sin cuideoidh seo le díriú níos fearr ar na seiceálacha agus ar na rialuithe. Táthar ag súil nuair a thabharfar isteach na comhaontuithe comhpháirtíochta go gcuirfear feabhas ar an gcaidreamh oibre leis na tairbhithe agus go ndéanfar an tuiscint ar na rialacha incháilitheachta a threisiú.

– Síníonn an fhoireann uile an cód maidir le dea-iompraíocht riaracháin. Síníonn an fhoireann atá bainteach leis an nós imeachta roghnúcháin nó le bainistiú na gcomhaontuithe/gconarthaí deontais dearbhú freisin nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann. Cuirtear oiliúint ar an bhfoireann go rialta agus úsáideann siad líonraí chun na cleachtais is fearr a mhalartú.

– Déantar cur chun feidhme teicniúil tionscadail a sheiceáil ag eatraimh rialta ag an deasc ar bhonn tuarascálacha ar dhul chun cinn teicniúil an chonraitheora; chomh maith leis sin déantar foráil do chruinnithe conraitheoirí agus do chuairteanna ar an láithreán ar bhonn cáis le cás.

– Tacaíonn uirlisí TF an Choimisiúin le nósanna imeachta airgeadais Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na dTomhaltóirí agus EAHC araon agus tá ardchéim leithscartha dualgas ag baint leo: déanann beirt neamhspleách gach idirbheart airgeadais a bhaineann le conarthaí/comhaontuithe deontais a fhíorú sula síníonn na hoifigigh údaraithe atá freagrach as an ngníomhaíocht iad. Cuireann baill éagsúla foirne as na réimsí beartais an tionscnamh agus an fíorú oibríochta i gcrích. Déantar íocaíochtaí ar bhonn líon na ndoiciméad tacaíochta réamhshainithe amhail tuarascálacha teicniúla formheasta mar aon le héilimh ar chostais agus sonraisc fhíoraithe. Chun sampla d'idirbhearta a fháil, déanann an chill airgeadais lárnach fíorú deisce ex-ante dara leibhéal; ar bhonn cáis le cás, is féidir rialú airgeadais ex-ante ar an láithreán a dhéanamh chomh maith sula ndéanfar an íocaíocht dheiridh.

- **Rialuithe ag deireadh an tionscadail:** Tá foireann iniúchóireachta láraithe ag Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na dTomhaltóirí agus an EAHC araon a fhíoraíonn incháilitheacht ar an láthair na n-éileamh ar chostais. Is é is aidhm do na rialuithe seo earráidí ábhartha a bhaineann le dlíthiúlacht agus rialtacht idirbheart airgeadais a chosc, a bhrath agus a cheartú. D'fhonn ardtionchar rialaithe a bhaint amach, tá sé beartaithe go ndéanfaidh roghnúchán na gconraitheoirí a bhfuil iniúchadh le déanamh orthu (a) roghnúchán bunaithe ar rioscaí a chomhcheangal le sampláil randamach, agus (b) aird a thabhairt do ghnéithe oibriúcháin nuair is féidir le linn iniúchta ar an láithreán.

**Na costais agus na buntáistí a bhaineann le rialuithe:** Tá bearta bainistíochta agus rialaithe an chláir ceaptha ar bhonn taithí roimhe seo: sna trí bliana a chuaigh thart, rinneadh meánráta earráide iarmharaí de níos lú ná 2% agus na nósanna imeachta soláthair agus deontais atá leagtha síos sa rialachán airgeadais a chomhlíonadh a áirithiú trí chóras rialaithe inmheánaigh bunaithe. Is iad seo an dá "phríomhchuspóir rialaithe" maidir leis an gclár tomhaltóirí roimhe seo agus maidir leis an gceann nua.

Toisc nach bhfuil difear mór idir príomhghnéithe dearaidh an chláir nua agus príomhghnéithe dearaidh an chláir roimhe seo, meastar go bhfuil na rioscaí a bhaineann le cur chun feidhme an chláir fós measartha seasta. Ar an gcaoi sin, tá sé beartaithe go leanfar de na bearta bainistíochta agus rialaithe bunaithe; mar sin féin, glacfar le tuilleamh simplithe a d'fhéadfadh a bheith ann faoin rialachán airgeadais nua a luaithe agus a mhéad is féidir. Is ionann na costais bhainistíochta sa Ráiteas Airgeadais (cuid 3.2.1) agus EUR 12,5 milliún le haghaidh EUR 197,2 milliún cistí arna mbainistiú ó 2014 go dtí 2020; tugann sé seo cóimheas "costais bhainistíochta le cistí bainistíochta" de thart ar 6,4%, ba cheart breathnú air i gcomhthéacs réimse beartais nach bhfuil chomh dírithe ar chaiteachas agus atá beartais AE eile.

De bharr meascán de dheontais agus de sholáthar, rialuithe ex-ante agus ex-post bunaithe ar rioscaí mar aon le seiceálacha deisce agus iniúchtaí ar an láithreán, bainfear na "cuspóirí rialaithe" amach ag leibhéal costais réasúnta. Déantar na buntáistí maidir le meánráta earráide iarmharaí níos lú ná 2% agus comhlíonadh fhorálacha an rialacháin airgeadais a mheas mar rud atá tábhachtach go leor le húdar a thabhairt i leith na mbeart bainistíochta agus rialaithe a roghnaíodh.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.*

I dteannta na meicníochtaí rialaithe rialála uile a chur i bhfeidhm, ceapfaidh Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na dTomhaltóirí straitéis frith-chalaoise i gcomhréir le straitéis frith-chalaoise nua an Choimisiúin (CAFS) arna glacadh an 24 Meitheamh 2011 d'fhonn a áirithiú *inter alia* go bhfuil a rialuithe inmheánacha maidir le frith-chalaois ailínithe go hiomlán leis an CASF agus go bhfuil a chur chuige maidir le bainistíocht riosca calaoise dírithe ar réimsí riosca calaoise agus freagairtí imleora a shainaithint. Más gá, bunófar grúpaí líonraithe agus uirlisí TF leormhaithe atá tiomanta d'anailís a dhéanamh ar chásanna calaoise a bhaineann leis an gClár Tomhaltóirí. Go háirithe cuirfear sraith beart i bhfeidhm amhail:

- le cinntí, comhaontuithe agus conarthaí a thig ón gClár Tomhaltóirí a chur chun feidhme, tabharfar cead go sainráite don Choimisiún, lena n-áirítear OLAF, agus don Chúirt Iniúchóirí iniúchtaí, seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh;

- le linn na céime meastóireachta de ghlao ar thograí/ar thairiscintí, déantar na togróirí agus na tairgeoirí a sheiceáil i gcoinne na gcritéar eisiata foilsithe bunaithe ar dhearbhuithe agus ar an gCóras Réamhrabhaidh (EWS);

- déanfar na rialacha lena rialaítear incháilitheacht costas a shimpliú i gcomhréir le forálacha an Rialacháin Airgeadais.

- cuirtear oiliúint rialta maidir le ceisteanna a bhaineann le calaois agus neamhrialtachtaí ar an bhfoireann go léir atá bainteach le bainistíocht conarthaí agus ar iniúchóirí agus ar rialaitheoirí a fhíoraíonn dearbhuithe tairbhithe ar an láthair.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteideal/ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne/na línte buiséid caiteachais lena mbaineann

- Línte buiséid atá ann cheana

<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Cineál an chaiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon [Tuairisc……………………..……….] | LD/LN (26) | ó CSTE[27] tíortha | ó thíortha is iarrthóirí[28] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais |
| 3 | 17 01 04 03<br>Caiteachas riaracháin mar thaca leis an gClár Tomhaltóirí 2014 - 2020 | ~~LD~~/LN | TÁ/~~NÍL~~ | TÁ/~~NÍL~~ | ~~TÁ~~/NÍL | ~~TÁ~~/NÍL |
| 3 | 17 01 04 30<br>An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Shláinte agus Tomhaltóirí (EAHC) | ~~LD~~/LN | TÁ/~~NÍL~~ | TÁ/~~NÍL~~ | ~~TÁ~~/NÍL | ~~TÁ~~/NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Cineál an chaiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon [Ceannteideal………………………...……] | LD/LN | ó thíortha CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais |
| 3 | 17 02 06<br>Clár Tomhaltóirí 2014 - 2020 | LD/~~LN~~ | TÁ/~~NÍL~~ | TÁ/~~NÍL~~ | TÁ/~~NÍL~~ | ~~TÁ~~/NÍL |

26 LD = Leithreasaí difreáilte / LN = Leithreasaí neamhdhifreáilte

27 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

28 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí ó na Balcáin Thiar.

**3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas**

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | 3 | Slándáil agus saoránacht |
|---|---|---|

| Ard-Stiúrthóireacht: Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na dTomhaltóirí (SANCO) | | | Bliain 2014 | Bliain 2015 | Bliain 2016 | Bliain 2017 | Bliain 2018 | Bliain 2019 | Bliain 2020[1] | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ÿ Leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| 17 02 06 Clár Tomhaltóirí 2014 - 2020 | Oibleagáidí | -1 | 23,347 | 24,111 | 24,652 | 25,204 | 25,767 | 26,341 | 26,928 | **176,350** |
| | Íocaíochtaí | -2 | 6,819 | 14,336 | 24,126 | 24,668 | 25,220 | 25,783 | 55,400 | **176,350** |
| Leithreasaí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chiste clár sonrach<br><br>ó chiste clár sonrach | | | | | | | | | | |
| 17 01 04 [1] | | -3 | 2,950 | 2,950 | 2,950 | 2,950 | 2,950 | 2,950 | 2,950 | **20,650** |
| **IOMLÁN leithreasaí i gcomhair DG SANCO** | Oibleagáidí | =1+3 | 26,297 | 27,061 | 27,602 | 28,154 | 28,717 | 29,291 | 29,878 | **197,000** |
| | Íocaíochtaí | =2+3 | 9,769 | 17,286 | 27,076 | 27,618 | 28,170 | 28,733 | 58,350 | **197,000** |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí | Oibleagáidí | -4 | 23,347 | 24,111 | 24,652 | 25,204 | 25,767 | 26,341 | 26,928 | **176,350** |
| | Íocaíochtaí | -5 | 6,819 | 14,336 | 24,126 | 24,668 | 25,220 | 25,783 | 55,400 | **176,350** |
| • IOMLÁN leithreasaí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chiste clár sonrach | | -6 | -6 | 2,950 | 2,950 | 2,950 | 2,950 | 2,950 | 2,950 | **20, 650** |
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 3** | Oibleagáidí | = 4+ 6 | 26,297 | 27,061 | 27,602 | 28,154 | 28,717 | 29,291 | 29,878 | **197,000** |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | = 5+ 6 | 9,769 | 17,286 | 27,076 | 27,618 | 28,170 | 28,733 | 58,350 | **197,000** |

[1] Féadfaidh an Coimisiún na cúraimí cur chun feidhme maidir le bainistiú an Chláir Tomhaltóirí 2014 - 2020 a thabhairt do ghníomhaireacht feidhmiúcháin. Déanfar méideanna agus iontrálacha barúlacha a choigeartú más gá i gcomhréir le torthaí an phróisis sheachtraithe.

**<u>Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal amháin: NÍL SÉ INFHEIDHME</u>**

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí | Oibleagáidí | (4) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | | | | | | |
| • IOMLÁN leithreasaí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chiste clár sonrach | | (6) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDIL 1 go 4** den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Oibleagáidí | =4+ 6 | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | | | | | | | | |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil: | 5 | "Caiteachas riaracháin" |
|---|---|---|

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| | | Bliain 2014 | Bliain 2015 | Bliain 2016 | Bliain 2017 | Bliain 2018 | Bliain 2019 | Bliain 2020 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: SANCO - Beartas tomhaltóirí | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna [2] | | 1,146 | 1,169 | 1,192 | 1,216 | 1,240 | 1,265 | 1,291 | **8,520** |
| • Caiteachas riaracháin eile [2] | | 0,228 | 0,233 | 0,237 | 0,242 | 0,247 | 0,252 | 0,257 | **1,695** |
| **IOMLÁN** | Leithreasaí | 1,374 | 1,401 | 1,430 | 1,458 | 1,487 | 1,517 | 1,547 | **10,215** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán oibleagáidí = Iomlán íocaíochtaí) | 1,374 | 1,401 | 1,430 | 1,458 | 1,487 | 1,517 | 1,547 | **10,215** |

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| | | Bliain 2014 | Bliain 2015 | Bliain 2016 | Bliain 2017 | Bliain 2018 | Bliain 2019 | Bliain 2020 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Oibleagáidí | 27,671 | 28,463 | 29,031 | 29,612 | 30,205 | 30,808 | 31,425 | **207,215** |
| | Íocaíochtaí | 11,143 | 18,687 | 28,505 | 29,076 | 29,657 | 30,250 | 59,897 | **207,215** |

[2] Féadfaidh an Coimisiún na cúraimí cur chun feidhme maidir le bainistiú an Chláir Tomhaltóirí 2014 - 2020 a thabhairt do ghníomhaireacht feidhmiúcháin. Déanfar méideanna agus iontrálacha barúlacha a choigeartú más gá i gcomhréir le torthaí an phróisis sheachtraithe.

– 3.2.2. An tionchar measta ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí

– ☑ Éilíonn an togra/an tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

Leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí in EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| Cuspóirí agus aschuir | | | An bhliain 2014 | | An bhliain 2015 | | An bhliain 2016 | | An bhliain 2017 | | An bhliain 2018 | | An bhliain 2019 | | An bhliain 2020 | | IOMLÁN | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | ASCHUIR | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas aschuir | Costas an aschuir ar an meán | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon iomlán na n-aschur | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 - Sábháilteacht táirgí a chomhdhlúthú agus a fheabhsú trí bhíthin faireacháin éifeachtaigh ar an margadh | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | comhairle eolaíoch | 0,417 | 1 | 0,393 | 1 | 0,400 | 1 | 0,409 | 1 | 0,417 | 1 | 0,425 | 1 | 0,434 | 1 | 0,442 | 7 | 2,919 |
| - Aschur | faireachán ar an margadh agus gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin | 0,564 | 7 | 3,343 | 7 | 3,707 | 7 | 3,840 | 7 | 3,976 | 7 | 4,115 | 7 | 4,256 | 7 | 4,400 | 49 | 27,637 |
| - Aschur | tairseach agus bunachar sonraí cosmaidí | 0,620 | 2 | 1,167 | 2 | 1,191 | 2 | 1,214 | 2 | 1,239 | 2 | 1,264 | 2 | 1,289 | 2 | 1,315 | 14 | 8,678 |
| **Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1** | | | **10** | **4,903** | **10** | **5,298** | **10** | **5,463** | **10** | **5,631** | **10** | **5,803** | **10** | **5,978** | **10** | **6,157** | **70** | **39,234** |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2 - Feabhas a chur ar rochtain tomhaltóirí ar fhaisnéis úsáideach agus oideachas tomhaltóirí a neartú, an bonn fianaise a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt do hidirghabhálaithe iontaofa amhail eagraíochtaí tomhaltóirí | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | bonn fianaise | 1,089 | 3 | 3,078 | 3 | 3,139 | 3 | 3,202 | 3 | 3,266 | 3 | 3,331 | 3 | 3,398 | 3 | 3,466 | 21 | 22,879 |
| - Aschur | tacaíocht d'eagraíochtaí tomhaltóirí | 0,808 | 3 | 2,282 | 3 | 2,327 | 3 | 2,374 | 3 | 2,421 | 3 | 2,470 | 3 | 2,519 | 3 | 2,569 | 21 | 16,962 |
| - Aschur | faisnéis tomhaltóirí | 0,290 | 7 | 1,910 | 7 | 1,948 | 7 | 1,987 | 7 | 2,027 | 7 | 2,068 | 7 | 2,109 | 7 | 2,151 | 49 | 14,201 |
| - Aschur | oideachas tomhaltóirí | 0,789 | 2 | 1,486 | 2 | 1,515 | 2 | 1,546 | 2 | 1,577 | 2 | 1,608 | 2 | 1,640 | 2 | 1,673 | 14 | 11,045 |
| **Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2** | | | **15** | **8,755** | **15** | **8,930** | **15** | **9,109** | **15** | **9,291** | **15** | **9,477** | **15** | **9,666** | **15** | **9,860** | **105** | **65,087** |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 3 - Cearta tomhaltóirí agus sásamh éifeachtach a chomhdhlúthú agus a neartú tuilleadh | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | ullmhú reachtaíochta | 0,394 | 5 | 1,857 | 5 | 1,894 | 5 | 1,932 | 5 | 1,971 | 5 | 2,010 | 5 | 2,050 | 5 | 2,091 | 35 | 13,806 |
| - Aschur | comhordú agus faireachán ar ADR | 0,310 | 2 | 0,584 | 2 | 0,595 | 2 | 0,607 | 2 | 0,619 | 2 | 0,632 | 2 | 0,644 | 2 | 0,657 | 14 | 4,339 |
| **Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 3** | | | **7** | **2,441** | **7** | **2,490** | **7** | **2,539** | **7** | **2,590** | **7** | **2,642** | **7** | **2,695** | **7** | **2,749** | **49** | **18,145** |

| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 4 - Forfheidhmiú cearta tomhaltóirí a neartú | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| - Aschur | gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a chomhordú | 0,239 | 4 | 0,902 | 4 | 0,920 | 4 | 0,938 | 4 | 0,957 | 4 | 0,976 | 4 | 0,996 | 4 | 1,016 | 28 | 6,706 |
| - Aschur | tacaíocht do Lárionaid Tomhaltóirí na hEorpa | 3,370 | 2 | 6,346 | 2 | 6,473 | 2 | 6,602 | 2 | 6,734 | 2 | 6,869 | 2 | 7,007 | 2 | 7,147 | 14 | 47,178 |
| **Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 4** | | | **6** | **7,248** | **6** | **7,393** | **6** | **7,541** | **6** | **7,692** | **6** | **7,846** | **6** | **8,002** | **6** | **8,162** | **42** | **53,884** |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | **38** | **23,347** | **38** | **24,111** | **38** | **24,652** | **38** | **25,204** | **38** | **25,767** | **38** | **26,341** | **38** | **26,928** | **266** | **176,350** |

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí de chineál riaracháin*

3.2.3.1 Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí de chineál riaracháin

– ☑ Éilíonn an togra/an tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain 2014 | Bliain 2015 | Bliain 2016 | Bliain 2017 | Bliain 2018 | Bliain 2019 | Bliain 2020 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 1,146 | 1,169 | 1,192 | 1,216 | 1,240 | 1,265 | 1,291 | **8,520** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,228 | 0,233 | 0,237 | 0,242 | 0,247 | 0,252 | 0,257 | **1,695** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 1,374 | 1,401 | 1,430 | 1,458 | 1,487 | 1,517 | 1,547 | **10,215** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5[29] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | **NÍL SÉ INFHEIDHME** | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | 1,374 | 1,401 | 1,430 | 1,458 | 1,487 | 1,517 | 1,547 | **10,215** |

Déanfar na figiúirí agus na línte buiséid thuas a choigeartú más gá i gcomhréir leis an bpróiseas seachtraithe atá beartaithe.

[29] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí an AE (seanlínte "BA"), agus le taighde indíreach agus taighde díreach a chur chun feidhme.

3.2.3.2 Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí an t-aonú deachúil ar a mhéad)*

| | | Bliain 2014 | Bliain 2015 | An bhliain 2016 | An bhliain 2017 | An bhliain 2018 | An bhliain 2019 | An bhliain 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus gníomhairí sealadacha)** | | | | | | | | |
| 17 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | | | |
| **• Pearsanra seachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[30] | | | | | | | | |
| 17 01 02 01 (CA, INT, SNE ón "gclúdach iomlánaíoch") | | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 |
| XX 01 02 02 (CA, INT, JED, LA agus SNE sna toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| **XX** 01 04 ***yy*** [31] | - sa Cheanncheathrú[32] | | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| **XX** 01 05 02 (CA, INT, SNE - Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE - Taighde díreach) | | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **12** | **12** | **12** | **12** | **12** | **12** | **12** |

Comhlíonfar na riachtanais acmhainní daonna trí fhoireann ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht na gníomhaíochta faoina cúram cheana nó atá ath-imlonnaithe taobh istigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise srianta buiséadacha. Ar ndóigh, déanfar méideanna agus iontrálacha barúlacha a choigeartú ag brath ar thorthaí an phróisis sheachtraithe atá beartaithe.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

30 CA= Gníomhaire ar conradh; INT= Foireann ghníomhaireachta ("Intérimaire"); JED= "Jeune Expert en Délégation" (saineolaí óg i dToscaireacht); LA= Gníomhaire áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht;

31 Faoin uasteorainn do phearsanra seachtrach ó leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

32 Le haghaidh na gCistí Struchtúracha, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Iascaigh (CEI) go bunúsach.

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus gníomhairí sealadacha | An nós imeachta um ghlacadh a chomhordú, a dhréachtú agus a eagrú maidir leis na cláir oibre bhliantúla (cinntí ar mhaoiniú), lena n-áirítear comhairliúchán coiste Ballstát<br><br>Clár leantach / faireacháin agus gníomhaíochtaí airgeadais a chur chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha buiséadacha agus airgeadais atá i bhfeidhm; cur le tuarascálacha gníomhaíochta<br><br>Uirlisí faisnéise a ullmhú agus a chothabháil; faisnéis a chur ar fáil le haghaidh iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha<br><br>Íocaíochtaí, gealltanais, agus comhaid soláthair/deontais a bhunú agus a fhíorú; a áirithiú go gcomhlíonann siad na téarmaí conartha, agus rialacha/rialacháin airgeadais<br><br>Cuntasaíocht chuí maidir leis na hidirbhearta airgeadais a chinntiú<br><br>Faireachán a dhéanamh ar spriocdhátaí íocaíochtaí i gcomhréir leis na rialacháin agus leis na rialacha airgeadais, mar aon le sreafaí oibre na gcomhad airgeadais aonair<br><br>Oiliúint a ullmhú agus a chur ar fáil d'eagraíochtaí seachtracha maidir le hiarratais ar ghlaonna ar thograí<br><br>Faisnéis ábhartha a chur in iúl do na conraitheoirí agus na tairbhithe fad is a bheidh an tionscadal ar siúl<br><br>Glaonna ar thograí / ar thairiscintí a sheoladh, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu, meastóireacht agus roghnú tionscadal<br><br>Cur chun feidhme na dtionscadal agus feidhmíocht na mbainisteoirí agus na gcomhpháirtithe tionscadail a athleanúint, faireachán a dhéanamh ar oibleagáidí conartha<br><br>Faireachán a dhéanamh ar spriocdhátaí íocaíochtaí i gcomhréir leis na rialacháin agus leis na rialacha airgeadais mar aon le sreafaí oibre na gcomhad airgeadais aonair<br><br>Urramú maidir leis an Rialachán Airgeadais, rialacha cur chun feidhme, rialacha inmheánacha ar chomhlíonadh buiséid, an Gníomh Bunaidh, Cinneadh Maoiniúcháin agus rialacha eile lena mbaineann agus cóirithe buiséadacha sna hidirbhearta airgeadais a fhíorú<br><br>An comhaontú / conradh deontais leis an tairbhí / gconraitheoir a roghnaíodh, agus a bhonn cirt a fhíorú<br><br>A fhíorú gur cuireadh an mhodheolaíocht, lena n-áirítear critéir incháilitheachta, roghnúcháin agus critéir deonaithe i bhfeidhm mar is cuí sa phróiseas roghnúcháin agus gur cuireadh an próiseas roghnúcháin i gcrích i gcomhréir leis na rialacha<br><br>Ceartaiseacht na bpróiseas gealltanais a sheiceáil |
| Pearsanra seachtrach | Uirlisí faisnéise a ullmhú agus a chothabháil; faisnéis a chur ar fáil le haghaidh iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha<br><br>Íocaíochtaí, gealltanais, agus comhaid soláthair/deontais a bhunú agus a fhíorú; a áirithiú go gcomhlíonann siad na téarmaí conartha, agus rialacha/rialacháin airgeadais<br><br>Cuntasaíocht chuí maidir leis na hidirbhearta airgeadais a chinntiú<br><br>Faireachán a dhéanamh ar spriocdhátaí íocaíochtaí i gcomhréir leis na rialacháin agus leis na rialacha airgeadais, mar aon le sreafaí oibre na gcomhad airgeadais aonair<br><br>Oiliúint a ullmhú agus a chur ar fáil d'eagraíochtaí seachtracha maidir le hiarratais ar ghlaonna ar thograí<br><br>Faisnéis ábhartha a chur in iúl do na conraitheoirí agus na tairbhithe fad is a bheidh an tionscadal ar siúl<br><br>Glaonna ar thograí / ar thairiscintí a sheoladh, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu, meastóireacht agus roghnú tionscadal<br><br>Cur chun feidhme na dtionscadal agus feidhmíocht na mbainisteoirí agus na gcomhpháirtithe tionscadail a athleanúint, faireachán a dhéanamh ar oibleagáidí conartha<br><br>Faireachán a dhéanamh ar spriocdhátaí íocaíochtaí i gcomhréir leis na rialacháin agus leis na rialacha airgeadais mar aon le sreafaí oibre na gcomhad airgeadais aonair. |

| | |
|---|---|
| | Urramú maidir leis an Rialachán Airgeadais, rialacha cur chun feidhme, rialacha inmheánacha ar chomhlíonadh buiséid, an Gníomh Bunaidh, Cinneadh Maoiniúcháin agus rialacha eile lena mbaineann agus cóirithe buiséadacha sna hidirbhearta airgeadais a fhíorú<br><br>An comhaontú / conradh deontais leis an tairbhí / gconraitheoir a roghnaíodh, agus a bhonn cirt a fhíorú<br><br>A fhíorú gur cuireadh an mhodheolaíocht, lena n-áirítear critéir incháilitheachta, roghnúcháin agus critéir deonaithe i bhfeidhm mar is cuí sa phróiseas roghnúcháin agus gur cuireadh an próiseas roghnúcháin i gcrích i gcomhréir leis na rialacha<br><br>Ceartaiseacht na bpróiseas gealltanais a sheiceáil |

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– ☑ Tá an togra/an tionscnamh comhoiriúnach leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil 2014 – 2020, arna mholadh ag an gCoimisiún ina Theachtaireacht COIM(2011)500 an 29.06.2011.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo sa chreat airgeadais ilbhliantúil.

| |
|---|
| Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.<br><br>NÍL SÉ INFHEIDHME |

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[33].

| |
|---|
| Mínigh a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.<br><br>NÍL SÉ INFHEIDHME |

*3.2.5 Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– ☑ Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh do chómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ Déantar foráil sa togra/tionscnamh don chómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasaí in EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain 2014 | Bliain 2015 | Bliain 2016 | Bliain 2017 | Bliain 2018 | Bliain 2019 | Bliain 2020 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasaí cómhaoinithe | | | | | | | | |

33 Féach pointí 19 agus 24 den Chomhaontú Idirinstitiúideach.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☑ Níl tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar an ioncam.

– ☐ Tá an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ ar acmhainní dílse

– ☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasaí atá ar fáil don bhliain bhuiséadach leanúnach | Tionchar an togra/tionscnaimh[34] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain 2014 | Bliain 2015 | Bliain 2016 | Bliain 2017 | Bliain 2018 | Bliain 2019 | Bliain 2020 |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncaim ilghnéithigh shannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

NÍL SÉ INFHEIDHME

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

NÍL SÉ INFHEIDHME

[34] Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25% de chostais bhailiúcháin a bheith bainte astu.